Meitheamh 2026



# Forás an Phobail

## i nGaeltacht Uíbh Ráthaigh

Supported by:

The People's Transition

tasc

Supported by AIB

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

pobal
government supporting communities

**Foilsithe ag:**

Think-tank for Action on Social Change (TASC)

28 Merrion Square North Dublin 2 Ireland

Teil: +353 1 616 9050

Ríomhphost: contact@tasc.ie

Suíomh Gréasáin: www.tasc.ie

**I gcomhar le:**

Cumas Ceantar Uíbh Ráthach

Comhchoiste

Údarás na Gaeltachta

# Clár na nÁbhar

**Buíochas** 2

**Nótaí ar an Leagan Gaeilge** 3

**Achoimre Fheidhmeach** 4

**Réamhrá** 6

**Léarscáilíocht: Tuiscint ar Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh** 11

Srianadh Teorainneacha? 12

Gaeltacht Uíbh Ráthaigh: Léargas Ginearálta 13

Sonraí Pobail 15

Ag Tacú le Forbairt Phobail sa Ghaeltacht 21

**Ag Díriú Isteach: Tithíocht sa Ghaeltacht** 27

**Cónaitheachtaí Ealaíne Pobalghníomhaí TOCHAIL** 33

Cur Chuige na gCónaitheachtaí 35

Téamaí a d'Eascair 38

**Forbairt Áitiúil Phobalstiúrtha le hAghaidh an Cheartais Aeráide: Bealaigh Chun Tosaigh** 45

An Tithíocht agus Forás Comhchothrom 46

- *An chiorclaíocht agus láithreacha coiteanna a fhorbairt le haghaidh na gníomhaíochta aeráide leis an tithíocht pobalstiúrtha* 48
- *Timpeallacht Beartas Thacúil* 55
- *Comhghníomhaíocht a Bhunú is a Chur chun Cinn trí Líonra Tithíochta Pobalstiúrtha* 61

**Conclúid** 63

**Ábhar Tagartha** 66

# Buíochas

Déantar cur síos sa tuairisc seo ar thorthaí phróiseas 'The People's Transition' [Forás an Phobail] mar a cuireadh i bhfeidhm é i nGaeltacht Uíbh Ráthaigh ó mhí Feabhra 2024 go Meitheamh 2025. Is é 'Think-tank for Action on Social Change (TASC) [an Mheitheal Mhachnaimh um Gníomhú maidir le Forás Sóisialta]', i gcomhar le Cumas Ceantar Uíbh Ráthach a bhí i gceannas ar an tionscadal seo.

Táimid buíoch de gach aon duine i nGaeltacht Uíbh Ráthaigh a ghlac an t-am chun a bheith páirteach sa tionscadal seo. Buíochas ar leith le Comhchoiste Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh, Forbairt na Dromada Teo, agus Tascfhórsa Uíbh Ráthaigh as an tacaíocht a thugadar ó thús an togra seo.

Baineadh leas as saineolas agus seanchas Chaitlín Bhreatnaigh, Bhreandáin Uí Chaoimh, Eimear Ní Mhurchú, agus Áine Uí Bheoláin. Gabhaimid ár mbuíochas libh as a bheith fial flaithiúil le bhur gcuid ama.

Buíochas chomh maith leis na healaíontóirí a ghlac páirt sna cónaitheachtaí taighde TOCHAIL: Síomha Brock, Susan Leen, Emily Fitzell, Zoë Uí Fhaoláin-Green, agus James Rogers.

Buíochas le AIB as tacú le TASC beocht a chur in the People's Transition ar fud an oileáin. Buíochas ó chroí le Sarah Dempsey agus le hAnne Williamson.

Gabhaimid buíochas le baill TASC: Deirdre Carolan, Dr Matt York, Dr Shana Cohen, agus Molly Newell. Is í Róisín Greaney, taighdeoir sinsearach cheartas aeráide TASC, a bhí i bhfeighil ar an tionscadal People's Transition seo i nGaeltacht Uíbh Ráthaigh.

# Nótaí ar an Leagan Gaeilge

A Chairde Gael,

Nach iontach taighde, plé agus tuairisc dá leithéid seo a bheith ar fáil as Gaeilge. Agus nach iontach an rud é tograí ceannródaíocha ar nós Forás an Phobail a bheith ar siúl sa Ghaeltacht freisin! Beidh a lán le foghlaim ag an tír agus an domhain i gcoitinne ón saothar seo. Is a bhuí le Róisín Greaney agus TASC a cuireadh an leagan Gaeilge seo ar fáil.

Déantar gach iarracht tuairisc a chur ar fáil as Gaeilge sa chaoi nach mbeadh aon teanga eile ag teastáil ón léitheoir. Déantar iarracht cloí leis an mbuntéacs chun go dtiocfaidh abairtí agus teachtaireachtaí an bhunsaothair slán. Ní féidir roinnt téacs a aistriú ar na léaráidí. Bíonn gá ann uaireanta athruithe beaga a dhéanamh; na cinn is coitianta ná abairtí fada a roinnt ina n-abairtí níos giorra; aimsir briathra, téarmaíocht agus frásaíocht a athrú chun teacht le nósanna na Gaeilge. Ní aistriúchán dlíthiúil é seo agus beidh athruithe beaga dá leithéid sin ann nuair a mheastar nach dtagann siad salach ar bhrí nó ar theachtaireacht ar an iomlán.

Bunaithe ar stíl an chaighdeáin den chuid is mó atá teanga an tsaothair seo ionas go mbeidh sé mar áis do phobal níos leithne. Cé gur bunaíodh an togra in Uíbh Ráthach an uair seo, táthar ag súil go mbeifear in ann tograí dá leithéid seo a chur ar bun i nGaeltachtaí ar fud na hÉireann agus is amhlaidh gur scríobhadh an tuarascáil i nGaeilge a bheadh ní ba shoiléire do léitheoirí le canúintí éagsúla agus ní ba mhealltaí inléite do reachtóirí agus do luchtanna cistiúcháin.

Tá sainréimse ar leith sa Ghaeilge de bharr ghné eolaíoch an ábhair. Mar shampla, a lán úsáid as an saorbhriathar, chun dealramh an neamhchlaontais a chur ar an teanga. Len é sin ráite, agus faoi mar atá luaite thuas, teastaíonn ón meitheal go bhféadfadh an gnáthdhuine leas a bhaint as an téacs seo. Mar sin, le cuid mhór den bhéarlagair ón mbuntéacs (cuir i gcás 'community-led') d'fhéadfadh níos mó ná foirm amháin a bheith ann as Gaeilge (i.e. pobalstiúrtha / faoi stiúir an phobail) ag brath ar fad abairtí, go háirithe i dteidil, agus dul deas Gaeilge, agus dhá thrá a bhí á siúl leis an méid sin, ar shlí.

Tá súil agam go mbeidh an saothar seo ábhartha agus faisnéiseach do lucht na Gaeilge, in Uíbh Ráthach agus níos faide i gcéin.

-Noah Buffini Higgs

# Achoimre Fheidhmeach

Is ionann The People's Transition [Forás an Phobail] agus múnla cinnteoireachta rannpháirtíoch a bhfuil sé mar sprioc aige go mbainfeadh an pobal tairbhe as an bhforás go sochaí gan carbón. Tá sé mar aidhm ag an togra teacht ar réitigh aeráide a thugann úinéireacht ar thairbhe agus ar acmhainní an fhoráis don phobal áitiúil, agus a chuireann le tacaíocht phoiblí don ghníomhaíocht aeráide trí dhul i ngleic le neamhionannas agus tríd an gcaighdeán maireachtála a ardú.

Cuireadh tús le The People's Transition i nGaeltacht Uíbh Ráthaigh i mí Feabhra 2024. Bhíothas ag iarraidh éisteacht leis an bpobal agus léargas a fháil ar a riachtanais agus a n-inniúlachtaí agus leis sin, iarracht a dhéanamh teacht ar roinnt réitigh don aeráid lena ndéanfaí leas don phobal agus lena dtabharfaí aghaidh ar roinnt de na príomh-thosaíochtaí forbartha áitiúla.

Trí chéim a bhí sa togra: céim léarscáilíochta, céim rannpháirtíochta pobail, agus céim réiteach. Bhí sé mar aidhm sa chéim léarscáilíochta léargas a fháil ar Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh agus scóip thíreolaíoch don tionscadal a leagadh síos lena dtabharfaí ionadaíocht do mhuintir na háite. Anuas ar an déimeagrafaic, rinneadh staidéar ar thuairiscí taighde agus ar bhearta forbartha áitiúla a bhí ann cheana féin. Cuireadh réamhchruinnithe rannpháirtíochta ar siúl leis an bpobal agus le páirtithe leasmhara eile, óna bhfuair an mheitheal tuiscint ar institiúidí, eagraíochtaí agus grúpaí pobail a bhfuil ról tábhachtach acu sa dúiche agus ar riachtanais agus tosaíochtaí forbartha na dúiche. Níorbh fhada go raibh sé ríshoiléir gur príomh-bhac in aghaidh athbheochan na Gaeltachta é an ganntanas atá ann faoi láthair de thithíocht atá ar fáil go fadtéarmach ar phraghas réasunta.

Rinneadh eolas sa chéim léarscáilíochta do rolladh amach na céime rannpháirtíochta pobail. Bailíodh ealaíontóirí agus muintir na dúiche le chéile sa chéim chéanna den tionscadal, a forbraíodh i gcomhar le Cumas Ceantar Uíbh Ráthach. Bhaineadar úsáid as meán na healaíne le réitigh úra ar ghéarchéim thithíochta na tuaithe a phlé, trí dhearcadh cheartas na haeráide. Léirigh na cónaitheachtaí ealaíne pobalghníomhaí TOCHAIL an tábhacht le caomhnú teanga, prionsabail éiceolaíochta, deiseanna scileanna a fhorbairt, agus pleanáil rannpháirtíoch a chur san áireamh agus tithíocht á forbairt sa Ghaeltacht. Cuirtear fís chorraitheach tithíochta in iúl sna torthaí ina dtógtar san áireamh níos mó ná tithe aonair agus ina gcruthaítear láithreacha coiteanna. Sna láithreacha céanna cothaítear an teanga, tacaítear le fostaíocht áitiúil agus cuirtear

saol an phobail chun cinn, ag teacht le srianta an phlainéid. Léirigh rannpháirtithe TOCHAIL go bhféadfadh dea-pholasaíocht eiseamláir a dhéanamh de Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh le haghaidh pobail tuaithe agus pobail mionteangacha eile. Cruthaíonn sé seo gur féidir leis an tithíocht a bheith mar bhuntáiste sóisialta, agus gur féidir léi a bheith mar bhealach chun seasmhacht agus athnuachan a chur chun cinn.

Ag baint leasa as torthaí na gcéimeanna léarscáilíochta agus rannpháirtíochta pobail, d'oibrigh TASC le saineolaithe áitiúla chun trí chonair straitéiseach a aithint agus a fhorbairt. Is éard is aidhm do na conairí céanna ná cur le cumas agus acmhainní na háite agus prionsabail don fhorás comhchothrom a dhaingniú i dtograí áitiúla atá ag dul i ngleic le géarchéim na tithíochta.

Sa chéad chonair, déantar plé ar an tslí chun príomhghnéithe foráis chothroim a chur le forbairt scéime tithíochta píolótaí atá faoi stiúr an phobail. San áireamh atá láithreacha comhphobail, tograí fhás an bhia, fuinneamh inathnuaite agus ábhair áitiúla a úsáid, agus béim láidir ar an oideachas agus an oiliúint.

Má leagtar béim sa mhúnla People's Transition ar thábhacht úinéireacht agus ghníomhaireacht an phobail i bpróiseas an athrúcháin, is amhlaidh go n-aithníonn sé freisin an gá do reachtaíocht chun an méid sin a chumasú. Dá bharr seo, pléitear sa dara conair na cineálacha polasaithe a theastaíonn chun tacú le cur i bhfeidhm scéime píolótaí pobalstiúrtha agus le hiarrachtaí níos leithne chun fáil fhadtéarmach ar an tithíocht do phobal na Gaeilge a chinntiú. Ag tabhairt an dá bhealach thuasluaite le chéile, moltar sa tríú conair go gcruthófaí líonra tithíochta don fhorás cóir sa Ghaeltacht atá stiúrtha ag an bpobal agus a bhfuil dóthain acmhainní curtha ar fáil dó. Bheadh an líonra céanna mar ardán don chomhghníomhaíocht ar bhonn seasta, chuirfeadh sé gníomhaíocht phobail chun cinn agus chruthódh sé caidrimh le Gaeltachtaí agus le pobail mionteangacha eile, gach ceann acu ag comhoibriú ar son polasaithe tithíochta atá forásach tacúil.

Níor cheart cuimhneamh ar na bealaí a mholtar anseo mar liosta cuimsitheach de na tograí a bhféadfadh pobail Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh tabhairt fúthu. D'fhéadfadh dreamanna eile teacht ar bhealaí agus réitigh aeráide eile bunaithe ar na riachtanais agus na tosaíochtaí céanna. Táthar ag súil, áfach, go spreagfar leis an bpróiseas, chomh maith leis na réitigh a mholtar, smaointeoireacht ar conas gur féidir le hinfheistíocht sa ghníomhaíocht aeráide dul i ngleic leis na riachtanais forbartha atá ann seachas iad a bhuanú.

# Réamhrá



# 1. Réamhrá

Beidh gníomh de chineál nach bhfacthas cheana ag teastáil láithreach ó chomhphobail ar fud an domhain chun dul i ngleic leis an athrú aeráide. Ó go bhfuil gnéithe an athraithe aeráide chomh hidirspleách lena chéile, chun go mbeidh seasmhacht ag an ngníomhaíocht aeráide, caithfear í a reáchtáil go hionchuimsitheach comhionann, chun cinntiú go roinnfear an t-ualach agus an tairbhe i measc na sochaí. Cé gurb amhlaidh go dtuigtear tábhacht na gníomhaíochta, is beag cur chuige seanbhunaithe maidir le comhchruthú polasaithe aeráide i measc pobal na hEorpa go dtí seo.

Déanann The People's Transition (McCabe, 2020) iarracht aghaidh a thabhairt air seo. Is cur chuige rannpháirtíoch é don ghníomhaíocht aeráide. An dearcadh ann ná go gcumasaítear forbairt áitiúil tríd an ngníomhaíocht aeráide, agus leis sin go gcuirtear an forás go sochaí gan carbón i lámha na muintir. S'éard is aidhm don mhúnla seo, a forbraíodh i gcomhar le comhphobail agus le heagraíochtaí ar fud na hÉireann, ná tabhairt faoin bhforás ón mbun aníos agus méadú ar shaibhreas áitiúil, agus cumhacht agus úinéireacht ar ghníomhaíocht aeráide a thabhairt do mhuintir na háite. Tá sé mar aidhm don mhúnla dul i ngleic le neamhionannas agus an caighdeán maireachtála a fheabhsú ag baint leasa as réitigh don aeráid, agus dá réir sin éileamh agus faomhadh na sochaí a threisiú ar bhonn réamhghníomhach.

Caifear glacadh leis na difir stairiúla agus forbartha idir áiteanna agus pobail ar leith agus leis na deacrachtaí a thagann leis sin chun cothrom na Féinne a chinntiú sa ghníomhaíocht aeráide. Bíonn baic i bhfad níos casta roimh phobail tuaithe de bharr rudaí cosúil le srianta ar an éagsúlacht eacnamaíoch, easpa seirbhísí agus de bharr go mbraitear go mór ar an gcarr don iompar (Moore-Cherry, Clavin, Krawchenko agus Tomaney, 2022).

Déantar cur síos sa tuairisc seo ar The People's Transition mar a cuireadh i bhfeidhm é i nGaeltacht Uíbh Ráthaigh, atá mar cheann den dá cheantar gaeltachta i gContae Chiarraí. Tá Uíbh Ráthach suite i nDeisceart an chontae agus tá sí in Iarthar Leithinis Uíbh Ráthaigh. Ní féidir an iomarca béime a chur ar shuntas cultúrtha, comhshaoil, teanga agus stairiúil an cheantair ghaeltachta seo. Tá cáil ar scoth a cuid tírdhreach agus dúlra, saibhreas a hoidhreachta cultúrtha, agus a nasc láidir leis an nGaeilge. Tá sí clúiteach ar fud na hÉireann agus an domhain de bharr a traidisiún liteartha, a scéalaíochta, a féilte áitiúla, aistear Mhórchuaird Chiarraí, Sceilg Mhichíl, agus le déanaí, a stádas mar Anaclann Spéire Dorcha Idirnáisiúnta.

Cuireadh tús le The People's Transition i nGaeltacht Uíbh Ráthaigh i mí Feabhra na bliana 2024, tar éis cuireadh ó Chumas Ceantar Uíbh Ráthaigh (Creative Places) le múnla The People's Transition a thabhairt chuig Gaeltacht Dheisceart Chiarraí. Is togra nuabhunaithe ag an gComhairle Ealaíon é Cumas Ceantar/Creative Places, ar cuireadh an feachtas píolótach ar siúl i dTuaim, Contae na Gaillimhe sa bhliain 2020. Cuirtear ar fáil sa togra seo, a bhfuil a bhunús i gcleachtais ealaíne i measc an phobail agus a fheidhmíonn de réir prionsabail forbairt an phobail, deiseanna do phobail infheistíocht a fháil le haghaidh ealaín áitiúil don phobal. Cuireadh tús le Creative Places/Cumas Ceantar Uíbh Ráthaigh in 2022 mar chlár taighde de thréimhse bliana. In 2024, bronnadh an feachtas iomlán trí bliana ar Leithinis Uíbh Ráthaigh.

Bhí an t-ádh ar TASC obair i gcomhar le Cumas Ceantar ar feadh an tionscadail, ag baint tairbhe as díograis, tacaíocht agus fís a chomhordaitheora, chomh maith le tiomantas a chomhpháirtithe áitiúla.

Trí chéim a bhí i gceist sa togra People's Transition seo, ónar eascair trí chonair straitéiseacha dírithe ar dhearcadh den fhorás comhchothrom a neadú in iarrachtaí leanúnacha chun tabhairt faoin ngéarchéim thithíochta i nGaeltacht Uíbh Ráthaigh. I dtosach báire, chuir cruinnithe le muintir na háite agus le hoibrithe forbartha pobail neart le hiarracht mhór léarscáilíochta. Baineadh leas as tuairiscí taighde a bhí déanta cheana féin, as straiséisí don fhorbairt áitiúil agus as sonraí daonáirimh, le léargas cuimsitheach a thabhairt ar na dúshláin agus ar na deiseanna araon atá roimh an nGaeltacht, chomh maith leis na hiarrachtaí atá ar bun sna comhphobail atá ann sa cheantar.

Ba léir ó thús gur cheart don tionscadal tacú agus feileadh leis na tograí pobail atá ann cheana féin, seachas an obair chéanna a dhéanamh athuair. Tháinig fadhb phráinneach ar leith chun cinn agus b'í sin an ganntanas tithíochta ar phraghas réasúnta, atá mar bhac mór i gcoinne iarrachtaí an meathlú daonra sa cheantar a laghdú le tamall de bhlianta anuas.

Is as na torthaí luatha céanna a tháinig próiseas nuabhunaithe don rannpháirtíocht phobail inar roghnaíodh triúr ealaíontóirí le haghaidh cónaitheachtaí ina dtabharfaí páirt do mhuintir na háite agus do ghrúpaí áitiúla agus chun smaointeoireacht a dhéanamh ar chur chuige úr i leith na géarchéime tithíochta ó thaobh an cheartais aeráide de. Rinne TASC anailís ar thorthaí na gcónaitheachtaí agus aithníodh seacht bpríomhthéama iontu. Is as an méid seo a rinneadh eolas do thrí réiteach, ar a dtugtar 'bealaigh chun cinn' agus a ndéantar cur síos orthu i gCaibidil 5: 1) Laghdú ar an gcur

amú agus láithreacha coiteanna a chruthú don ghníomhaíocht aeráide trí thithíocht faoi stiúr an phobail; 2) Timpeallacht thacaíoch polasaithe; agus 3) Comhghníomhaíocht a chruthú is a chothú le líonra tithíochta cothrom stiúrtha ag an bpobal.

Cuirtear na torthaí ó gach céim den tionscadal in iúl sa tuairisc seo i ar shlí atá in ainm an léitheoir a stiúradh trí phróiseas The People's Transition chun an tábhacht cuimhneamh ar an ngníomhaíocht aeráide ó thaobh na muintir agus an phobail de a léiriú.



# Léarscáiliócht: Tuiscint ar Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh



# 2. Léarscáilíocht: Tuiscint ar Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh


Tá Gaeltacht Uíbh Ráthaigh mar ábhar taighdeoireachta agus tograí straitéiseacha araon ar feadh tamaill de bhlianta. Tá eagraíochtaí neamhrialtasacha, Comhchoiste Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh ach go háirithe, i bhfách le hinfheistíocht i mbuanna tíre, eacnamaíochta, cultúrtha agus sóisialta na leithinse le fada. Tá sé i gceist acu cur chuige bunaithe ar an bhfianaise a chur chun cinn le haghaidh forbairt na dúiche, ag tacú le taighde acadúil agus fheidhmeach.

Cuirtear léargas i láthair sa chuid seo ar na téacsanna a foilsíodh mar aon le hanailís ar shonraí an Daonáirimh 2022.

## Srianadh Teorainneacha?

Tá teorainneacha faoi leith ag Gaeltacht Uíbh Ráthaigh, a leagadh síos den uair dheireanach sa bhliain 1956 cosúil le Gaeltachtaí uile na hÉireann. 'Scaipthe agus scartha' an cur síos a rinneadh ar an teorainn reatha (Crowley agus Sheehan, 2009), mar a léirítear i bhFíor 1.

***Fíor 1: Gaeltacht Uíbh Ráthaigh – Teorainneacha Oifigiúla***



Níor chóir don léitheoir cuimhneamh ar Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh mar áit atá scartha go huile is go hiomlán ón gceantar mórthimpeall air, áfach. Mar gheall ar na teorainneacha atá sách briste, tá nasc domhain láidir idir ceantair Ghaeltachta agus neamh-Ghaeltachta maidir le fáil ar sheirbhísí, fostaíocht agus bogadh acmhainní (Tascfhórsa Uíbh Ráthaigh, 2019). Níl aon bhaile ná meánscoil laistigh den Ghaeltacht féin, mar shampla. Ina ionad sin, is iad na bailte agus sráidbhailte i gcóngar cosúil le Cathair Saidhbhín agus An Coireán a thugann seirbhísí do mhuintir na Gaeltachta, agus a bhraitheann ar thacaíocht ó mhuintir na Gaeltachta chun a saol tráchtála is sóisialta a chothú. Is minic a fhaightear deiseanna fostaíochta le haghaidh muintir na Gaeltachta lasmuigh den cheantar féin freisin. Dá bhrí sin, ceapadh Cathair Saidhbhín mar Bhaile Seirbhíse Gaeltachta oifigiúil sa bhliain 2023, agus tá méadú tagtha ar an tacú tugtha don Ghaeilge san áit. Mar gheall ar an idirspleáchas seo, bhí rannpháirtíocht phobail sa tionscadal laistigh agus lasmuigh de theorainn oifigiúil na Gaeltachta.

## Gaeltacht Uíbh Ráthaigh: Léargas Ginearálta

Tá 1,874 duine a chónaíonn laistigh den Ghaeltacht féin, an mhórchuid dóibh ina gcónaí laistigh de nó cóngarach do cheann de na ceithre dhúiche a leanas: An Gleann, Baile an Sceilg, An Dromaid agus Cathair Dónall. Tá seirbhísí poiblí áitiúla agus grúpaí forbartha pobail ag gach ceann de na dúichí seo.

***Fíor 2: Pointí Lonnaíochta i nGaeltacht Uíbh Ráthaigh***




### Dúichí laistigh den Ghaeltacht

- **An Gleann:** Le radharc amach ar Na Scealaga, is ionann An Gleann agus a thimpeallacht agus cuid d'Iarthar na Gaeltachta. Tá séipéal, scoil, brú pobail, caifé/bialann, agus monarcha seacláide Skelligs Choclate Factory sa dúiche.

- **Baile an Sceilg:** Baile gleoite cois farraige is ea Baile an Sceilg, suite laisteas den Ghleann. Tá brú pobail, séipéal, tábhairne, oifig an phoist, siopa, stáisiún peitril, ionad ealaíona, agus eastát tionsclaíochta beag ina bhfuil mol cianoibre digití úr arna thacú ag Údarás na Gaeltachta agus dhá chomhlacht déantúsaíochta. Bíonn éileamh turasóireachta ar an gceantar agus a chladaigh i rith an tsamhraidh.
- **An Dromaid:** Is í An Dromaid an dúiche is airde talaimh agus is faide ón gcósta sa Ghaeltacht agus tá sí suite thart ar 20 ciliméadar soir ó Bhaile an Sceilg. Tá club CLG, scoil, séipéal, tábhairne, siopa beag, agus mol forbartha pobail na Dromada ar fáil sa sráidbhaile beag Cillín Liath, atá i lár na Dromada. Tá brú óige a bhfuil úinéireacht ag an bpobal air, seirbhís feighlíochta leanaí, carr tacaíochta cúraim ailse, sé theach le haghaidh muintir áitiúla aosta, brú pobail, agus ionad cianoibre digití ar fáil sa mhol. D'aithin O'Keefe agus O'Sullivan (2017) gurb í An Dromaid an pobal leis an ngá is mó d'infheistíocht leanúnach de bharr mór-ísliú daonra agus easpa forbartha inbhuanaithe le seasca bliain anuas.
- **An Lóthar and An Gleann Mór:** Tá lonnaíochtaí níos lú ann freisin ag An Lóthar, baile fearainn le radharc amach ar Bhá na Scealg agus lios ón 9ú haois a bhfuil bail mhaith air, agus ag An Gleann Mór, pobal ar chósta theas Loch Luíoch.

***Fíor 3: Gaeltacht Uíbh Ráthaigh i gcomparáid le Contae Chiarraí agus le Corca Dhuibhne***



Tá Cathair Dónall i nDeisceart Leithinis Uíbh Ráthaigh ar imeall na Gaeltachta, le cuid de laistigh den Ghaeltacht agus cuid de lasmuigh. Tá brú pobail, brú óige, tábhairne/bialann, séipéal agus clós súgartha sa sráidbhaile ghleoite seo. Bhíodh siopa, beár agus bialann san aon áras amháin sa sráidbhaile go dtí le gairid, ach tá sé dúnta anois.

# Sonraí Pobail


## Pobal HP Deprivation Index [Innéacs Bochtaineachta Pobal HP]

Is comhartha aonair é an tInnéacs Bochtaineachta Pobal HP a forbraíodh ar mhaithe leis an mbail shóisialta a mheas agus a léiriú in áiteanna éagsúla ar fud na hÉireann agus chun dáileadh acmhainní a threorú go háiteanna ina bhfuil an gá is géire leo.

Nuair a leagtar teorainn na Gaeltachta thar Mapa Innéacs na Bochtaineachta 2022, a bhunaíodh ar shonraí Daonáirimh 2022, nochtar go bhfuil an rangú 'beagán faoin meán' ar an gcuid is mó de Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh ó thaobh socheacnamaíochta de. Tá na heisceachtaí a leanas ann leis seo:

- Toghroinn Dhoire Ianna/na Cluanach sa Dromaid, a rangaítear mar 'faoi mhíbhuntáiste'
- Áiteanna i dToghroinn Dhoire Fhíonáin (gar do Chathair Dónall), a rangaítear mar 'beagán níos airde ná an meán'
- Agus áiteanna i dToghroinn Loch Luíoch suite idir An Coireán agus An Dromaid, a rangaítear mar 'beagán níos airde ná an meán'

***Fíor 4: Innéacs Bochtaineachta Pobal 2022 do Leithinis Uíbh Ráthaigh ar leibhéal na Toghroinne***




'Beagán faoin meán' a tugadh síos do Chathair Saidhbhín, Baile Seirbhíse do Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh, chomh maith in 2022. Tugtar le fios ó fhorleithne an rangúcháin 'beagán faoin meán' agus an ceantar beag faoi mhíbhuntáiste sa Dromaid go bhfuil Gaeltacht Uíbh Ráthaigh i gcoitinne faoi mhíbhuntáiste i gcomparáid le ceantair níos rachmasaí sa chontae agus ar fud na tíre. Is é sráidbhaile na Snadhma an limistéar rachmais is cóngaraí.

Ba chóir a aithint agus staidéar á dhéanamh ar shonraí Bochtaineachta Pobal nach gcuirtear sonraí bainteach leis an bhfáil ar thithíocht san áireamh, agus ní dhéantar aon iniúchadh ar an tionchar a imríonn ioncam, an tsláinte, míchumas, an grúpa eitneach ná fad slí ó sheirbhísí agus fáil ar iompar ar an mbochtaineacht, bíodh is go ndéanann an tInnéacs anailís ar shonraí Daonáirimh bainteach leis an daonra, aois, stádas eacnamaíochta, oideachas agus teaghlach (McCabe, 2022).

## Titim Daonra i nGaeltacht Uíbh Ráthaigh

'Structurally and demographically weak [lag ó thaobh struchtúrtha agus déimeagrafaice de]' an cur síos a rinneadh ar Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh agus tá sí i mbaol tuilleadh laghdú daonra (O'Keeffe agus O'Sullivan, 2017, lch. 2). Tá an eisimirce tar éis tionchar mór a imirt ar an dúiche le tuairim is seachtó bliain anuas, atá mar chúis le meathlú geilleagair agus daonra faoin tuath. Is beag nár laghdaíodh daonra na dúiche faoina leath sa tréimhse idir 1956 agus 2011, le laghdú 41% atá mar 1,241 duine ar an iomlán (O'Keeffe agus O'Sullivan, 2017). Tháinig méadú 9.5%, nó 603 duine, ar dhaonra Ghaeltacht Chorca Dhuibhne sa tréimhse chéanna.


***Fíor 5. Athrú Daonra i nGaeltacht Uíbh Ráthaigh, 1956 – 2022***




Foinse: O'Keeffe agus O'Sullivan, 2017, le nuashonrú ó Dhaonáireamh 2016 agus 2022 ar aon


Tá seasmhacht ag teacht ar an daonra ó 2002 i leith, ach tá baol ar an nGaeltacht go fóill. Fágann ógánaigh agus is beag a thagann ar ais don obair ná don chlann. Bíonn dúshlán ann chun muintir nua a mhealladh chun na dúiche freisin, ach tá deis ann leis an gcianobair le deireanas. Tugann O'Keeffe agus O'Sullivan (2017) faoi deara go dteastódh cur chuige don athlonnú a bheadh cothrom ar fud an cheantair, ach go háirithe i gcomhair na bpobal atá ar thalamh níos airde agus níos faide ón gcósta ina bhfuil bailte gan chónaí ann go fairsing forleathan. Léiríonn na léarscáileanna thíos an méadú suntasach ar na bailte gan chónaí sa Ghaeltacht ó 2006 go 2016.

***Fíor 6. Bailte gan chónaí i nGaeltacht Uíbh Ráthaigh in 2006***




Foinse: O'Keeffe agus O'Sullivan, 2017

***Fíor 7. Bailte gan chónaí i nGaeltacht Uíbh Ráthaigh in 2016***




Foinse: O'Keeffe agus O'Sullivan, 2017, le nuashonrú ó O'Keeffe agus O'Sullivan agus sonraí Daonáirimh 2016 san áireamh

## Aois, Eitneacht agus Áit Saolaithe

Tháinig méadú 3.5% ar dhaonra na Gaeltachta idir Daonáirimh 2016 agus 2022 go 1,874 duine. Feictear pobal ag dul in aois ó iniúchadh sonraí dáileadh aoise: 22% den daonra atá faoi aois 19, 16% idir 20-39, 34% idir 40-65 agus 28% os cionn 65. Tá méid na ndaoine os cionn 65 i bhfad níos airde ná meán na tíre atá ar 19%.

Maidir le heitneacht, dúirt 84% den daonra gur 'Éireannach geal' iad, 9% 'Geal eile', 0.4% ina 'Áiseach nó Éireannach Áiseach' agus 0.2% ina 'Dubh nó Éireannach Dubh'. Anuas air sin, dúirt 0.3% gurb as an Lucht Siúil iad. Rugadh iliomad daonra na Gaeltachta in Éirinn (85%), tá saoránacht na hÉireann ag 88% dóibh, agus tá 95% ina gcónaí ag an seoladh céanna le 5 bliana anuas.

Tá daonra Úcránach nach beag ina chónaí i nDeisceart Chiarraí, mar aon le mórán ceantair in Éirinn. Cé nach raibh an chuid is mó d'Úcránaigh san áireamh i nDaonáireamh 2022, léiríonn sonraí na Príomh-Oifige Staidrimh (CSO) ó mhí Feabhra 2025 go bhfuil Úcránaigh (n = 2,716) mar 10% de dhaonra Thoghlimistéar Áitiúil Chinn Mara. Is fiú a rá go bhfuil laghdú ón bhfigiúr 10.5% a bhí ann i mí Feabhra 2024. Laistigh den Ghaeltacht féin, bhí 83 teifeach Úcránach ina gcónaí i mBaile an Sceilg faoi dheireadh 2023. I gcóngar leis sin a bhí 374 ina gcónaí i gCathair Saidhbhín agus 331 ina gcónaí sa Choireán agus Cathair Dónall.

## An tSláinte, Míchumas agus Cúramóirí

Tugann 84% de mhuintir na Gaeltachta an cur síos 'go maith nó an-mhaith [good or very good]' ar a sláinte, de réir sonraí an Daonáirimh. Tá sé sin beagán níos airde ná an figiúr náisiúnta 83%. Ní deir ach 1.6% (30 duine) go bhfuil a sláinte i riocht 'olc nó an-olc [bad or very bad]'. Dúirt thart ar 17.5% den daonra go bhfuil siad faoi mhíchumas, figiúr níos ísle ná an figiúr náisiúnta 21.5%. Míníonn an Phríomh-Oifig Staidrimh gurb ionann míchumas agus 'fadhb sláinte nó deacracht fhadtéarmach d'oiread ar bith [long lasting condition or difficulty to any extent]'.

Léirigh sonraí an Daonáirimh bainteach le cúram gan phá gurb ionann céatadán muintir na háite a dhéanann cúram rialta gan phá ar bhall teaglaigh, cara, nó comharsa le fadhb sláinte agus 8% in 2022. Is airde seo ná an ráta náisiúnta 6%. I measc an 146 duine i mbun cúraim rialta gan phá, ba mhná iad 57% agus b'fhir 43%. Is iad mná a dhéanann níos mó cúraim gan phá i gcomparáid le fir i nGaeltacht Uíbh Ráthaigh agus ar leibhéal náisiúnta ar aon.

## Ráta Úinéireachta Carr agus Turasanna Oibre

Tá ardráta úinéireachta gluaisteán ann sa Ghaeltacht, ina bhfuil carr ag 94% de thithe i gcomparáid le 86% ar fud na tíre. Ó tharla go mbítear ag brath go mór ar charranna faoin tuath in Éirinn, ní haon ionadh go dtéann 77% ag obair sa charr nó i bhfeithicil phríobháideach, níos airde ná an ráta náisiúnta 68%. Léiríonn sonraí breise ar fáil sa Daonáireamh nach bhfuil ach 1% a thógann iompar poiblí ag obair, 5% a shiúlann agus níos ísle ná 1% a théann ar an rothar. Tá 18% ann a oibríonn 'sa bhaile den chuid is mó [mainly at or from home]' i gcomparáid le 12% go náisiúnta agus 11% ar fud Chontae Chiarraí.

Is pátrún eile a thagann chun cinn le turasanna ar scoil agus chuig an gcoláiste sa Ghaeltacht. Téann níos mó ná leath na mac léinn (52%) ar an mbus, i bhfad níos airde ná an ráta náisiúnta 17%. Is dócha go mbaineann sé seo le scéim iompar scoile na Roinne Oideachais, a chuireann iompar fóirdheontais ar fáil do pháistí ina gcónaí fad áirithe amach ón scoil is cóngaraí.

Gné suntasach eile ná tionchar chónascadh na scoileanna atá níos coitianta in Éirinn ó dheireadh na 1960dí agus tús na 1970dí i leith (An Coimisiún um Chóiríocht Scoile, 2001). Luaigh oibrí forbartha pobail atá ina chónaí sa Ghaeltacht ar feadh a shaoil gur nascadh scoileanna na Gaeltachta le scoileanna lasmuigh den Ghaeltacht le linn phróiseas an nasctha. Mar gheall air sin, bhí turas níos faide ag mic léinn chun teacht ar scoil.

Thar an iompar, bíonn droch-thionchar ag cónascadh ar úsáid na Gaeilge sa phobal (An Coimisiún um Chóiríocht Scoile, 2001). Luaigh an oibrí forbartha pobail céanna gur scoil Bhéarla an scoil is gaire do roinnt teaghlaigh sa Ghaeltacht tar éis na n-athrúchán seo.

## An Ghaeilge

Tháinig ísliú ar líon na gcainteoirí Gaeilge sa Ghaeltacht le linn na 1960dí, 1970dí agus 1980dí, ag teacht le hísliú daonra ar fud na tíre sa tráth céanna. Luann O'Keeffe agus O'Sullivan ina n-anailís socheacnamaíoch agus déimeagrafach ar an nGaeltacht a foilsíodh in 2017 go bhfuil céatadán na gcainteoirí Gaeilge sa Ghaeltacht seasmhach le blianta beaga anuas. Deir 60% den daonra os cionn 3 bliana d'aois go bhfuil Gaeilge acu. Is údar misnigh go maíonn Daonáireamh 2022 ardú 10% ar an líon daoine a labhraíonn Gaeilge go laethúil lasmuigh den chóras oideachais ó 2016 i leith. Bhí eagraíochtaí forbartha áitiúla, Brí Uíbh Ráthaigh, Tascfhórsa Uíbh Ráthaigh agus grúpaí ag tacú leis an nGaeilge ar fud Leithinis Uíbh Ráthaigh ag ceiliúradh an scéala seo go bhfuil méadú tagtha ar úsáid na Gaeilge lasmuigh den scolaíocht.

De réir an phróisis náisiúnta pleanála teanga, cuireann comhphobail a bplean féin le chéile lena chur i bhfeidhm chun úsáid na Gaeilge i measc an phobail a threisiú. Tá dhá phlean ann ar Leithinis Uíbh Ráthaigh: Plean Teanga Chiarraí Theas, lena gcuimsítear an Ghaeltacht, agus Plean Teanga Chathair Saidhbhín, ina ndírítear ar Chathair Saidhbhín. Tá plean eile á fhorbairt lena ndíreofar ar chaomhnú na teanga in Iarthar Uíbh Ráthaigh—na pobail ó Na Cealla go Cuan an Chaisleáin atá lasmuigh de theorainn na Gaeltachta. Chuir Nascadh Uíbh Ráthaigh (eagraíocht dheonach áitiúil) an plean faoi bhráid na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán i mí Mheán Fómhair 2023, agus táthar ag fanacht ar a fhaomhadh.

## Oideachas agus Fostaíocht

Léiríonn sonraí gnóthú oideachais, a thugann an leibhéal oideachais atá bainte amach um an dtaca seo, go bhfuil cáilíocht tríú-leibhéal ag 40% de mhuintir na Gaeltachta. Tá cáilíocht theicniúil nó ghairmiúil ag 8%, agus teastas Ardteistiméireachta ag 17%.

Dúirt 48% de dhaoine go raibh siad 'ag obair' ar oíche an Daonáirimh 2022, i gcomparáid le 53% ar fud Chiarraí. I measc na n-earnálacha is mó atá seirbhísí gairmiúla (22%), talmhaíocht, foraoiseacht agus iascaireacht (17%), agus tráchtáil agus trádáil (17%). Insíonn anailísí socheacnamaíocha den Ghaeltacht a bhí ann roimhe go bhfuil a lán daoine i mbun níos mó ná gníomhaíocht eacnamaíoch amháin, go háirithe sa talmhaíocht agus turasóireacht, a léiríonn traidisiún ilchineálachais eacnamaíochta (O'Keeffe & O'Sullivan, 2017).

Maidir leis an talamhaíocht, maíonn O'Keeffe agus O'Sullivan (2017) go bhfuil an talamh 'imeallach [marginal]' den chuid is mó. Mar sin, tá an talmhaíocht sa Ghaeltacht ag brath ar dheontais de chuid an Aontais Eorpaigh agus scéimeanna agra-chomhshaoil. Thug staidreamh feirme ó Dhaonáirimh 1991, 2000 agus 2010 le fios gurb é príomhchóras na háite ná riaradh caorach agus eallach.

Tá dífhostaíocht fhadtéarmach na Gaeltacht, atá ar 1.8%, cosúil le figiúr na tíre atá ar 1.9%. Ní chuirtear san áireamh siúd a d'fhág an Ghaeltacht ar bhonn oibre sna sonraí Daonáirimh.


D'fhéadfadh an líon sách ard daoine atá ar scor ón obair míniú a thabhairt ar an lucht saothair a bheith níos lú sa Ghaeltacht. Tá 27% dóibh siúd atá níos sine ná 15 ar scor, i gcomparáid le 19% go náisiúnta. Tá sciar beagáinín níos lú ná an tír agus an contae ann nach féidir obair de bharr tinnis nó míchumais, ar 4%. Tá 8% den daonra níos sine ná 15 bliana d'aois ina mic léinn.

Áiríodh 728 dteach bhuana phríobháideacha i nGaeltacht Uíbh Ráthaigh in 2022. Tógadh thart ar leathchuid díobh sin (47%) roimh 1980, níos mó ná Ciarraí i gcoitinne (39%). An cónaitheoir atá ina úinéir is ea an cineál seilbhe is coitianta. Bhí 65% mar úinéir an tí amach is amach agus bhí morgáiste ag 20%. Bhí an ráta úinéireachta tí níos airde sa Ghaeltacht ná i gCiarraí (49%) agus sa tír i gcoitinne (39%). Bhí 9% de thithe ar cíos ó thiarna talún príobháideach agus ní raibh ach 3% ar cíos ón Údarás Áitiúil.

Is le breoslaí iontaise a dhéantar mórchuid na dtithe a théamh; le 53% a bhaineann úsáid as ola don teas lárnach agus 25% ag úsáid na móna. Tá an figiúr sin i bhfad níos airde ná an figiúr náisiúnta 4%. Bheadh forleithne an Bhratphortaigh Atlantaigh sa Ghaeltacht agus ar fud Leithinis Uíbh Ráthaigh mar chúis le húsáid na móna don teas lárnach (Hammond, 1979). Os a choinne sin, ní úsáideann ach 4% de thithe an leictreachas don teas i gcomparáid le 11% i gCiarraí i gcoitinne.

Is suntasach an rud é oiread na dtithe gan chónaí i nDaoráireamh 2022. Ní raibh cónaí ach in 45% d'árais ar oíche an Daonáirimh. Bhí 45% sa bhreis ina dtithe saoire gan chónaí agus 9% a dtugadh 'áras eile gan chónaí [other vacant dwellings]' orthu.

***Figure 8. Unoccupied holiday homes versus occupied dwellings on Census night, 2022, Uíbh Ráthach Gaeltacht, Kerry County and the State.***




## Ag Tacú le Forbairt Phobail sa Ghaeltacht

Cuirtear tacaíochtaí forbartha pobail ar fáil do gach baile i nGaeltacht Uíbh Ráthaigh trí

Chomhchoiste Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh, Páirtnéireacht Forbartha Chiarraí Theas (SKDP), Údarás na Gaeltachta agus grúpaí áitiúla agus deonacha eile.

## Údarás na Gaeltachta

Gníomhaireacht stáit is ea Údarás na Gaeltachta atá freagrach as forbairt eacnamaíoch, sóisialta, agus cultúrtha na nGaeltachtaí. Is í an phríomhsprioc atá leis ná an Ghaeilge a chaomhnú mar phríomhtheanga an phobail sa Ghaeltacht agus cinntiú go gcuirtear ar aghaidh í do na glúnta atá le teacht. Mar sin, tugann Údarás na Gaeltachta maoiniú do réimse leathan tograí; forbairt phobail, feachtais chultúrtha agus teanga, cruthú fostaíochta, agus forbairt na fionntraíochta ar fud na seacht nGaeltacht, mar shampla.

Tá ról lárnach ag an Údarás i bhforbairt an phobail in Uíbh Ráthach ag tabhairt maoiniúcháin luachmhair do Chomhchoiste Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh agus Forbairt na Dromada Teo, fiontar sóisialta a stiúrann pobal na Dromada, chun a bhfeachtais oibre a chur i bhfeidhm. Déanann an tÚdarás urraíocht ar scéimeanna fostaíochta sa cheantar freisin, ar nós Scéim Shóisialta na Tuaithe agus Scéim Fostaíochta Pobail, a riarann an Comhchoiste ar bhonn áitiúil.

## Comhchoiste Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh

Is eagraíocht forbartha pobail seanbhunaithe é Comhchoiste Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh atá suite i gCeann Eich idir An Dromaid agus Baile an Sceilg. Feidhmíonn sé ar fud na Gaeltachta ag tacú leis an nGaeilge agus le forbairt na ndúichí, agus chun fáil ar sheirbhísí a fheabhsú. Feidhmíonn an Comhchoiste mar phríomhthionólaí i measc grúpaí pobail áitiúla agus tá ról lárnach aige san ionadaíocht ar son na Gaeltachta agus chun comhghníomhaíocht agus comhoibriú idir pobail a éascú. Tá an Comhchoiste aitheanta mar Phobal Fuinnimh Inbhuanaithe le déanaí de réir Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (Sustainable Energy Authority of Ireland - SEAI). Choimisiúnaigh agus d'fhoilsigh sé Máistirphlean Fuinnimh (Energy Master Plan - EMP) don cheantar in 2023.

Bheartaigh an Comhchoiste Plean Straitéiseach 5 Bliana le haghaidh Gaeltacht Uíbh Ráthaigh in 2023, le tacaíocht ón Údarás. Cuireadh cruinnithe poiblí ar siúl ar fud na Gaeltachta le rannpháirtíocht 63 duine áitiúil chun an plean a stiúradh. Tháinig na rannpháirtithe ar bhunbhuanna áitiúla ar nós fócas athnuaithe a chur ar úsáid na Gaeilge a threisiú, áille dúlra an cheantair, spiorad láidir comhphobail agus seirbhísí áitiúla a sholáthar— go háirithe deiseanna oideachais as Gaeilge.

Bhí na dúshláin a aithníodh i bhforbairt an phlean ag teacht leis na tosaíochtaí a bhain le cruthú Tascfhórsa Uíbh Ráthaigh agus a phleananna gnímh. Ina measc siúd a bhí easpa tithíochta ar phraghas réasúnta, easpa deiseanna buanoibre i.e. séasúracht na ndeiseanna oibre atá ann, ísliú daonra, agus meathlú bunchúraim sláinte, fáil ar lia áitiúil (GP) ach go háirithe. Ar bhonn na mbailte, aithníodh gur dúshlán roimh Uíbh Ráthach é dúnadh láithreacha pobail ar nós na siopaí is na dtithe tábhairne.

Chomh maith in 2023, thacaigh Údarás na Gaeltachta le Forbairt na Dromada Teo chun plean speisialta cúig bliana a bheartú dírithe ar An Dromaid. I measc na dtosaíochtaí sna blianta le teacht atá áiseanna na hóige a fheabhsú agus geilleagair áitiúil a fhorbairt.

## Páirtnéireacht Forbartha Chiarraí Theas (South Kerry Development Partnership - SKDP)

Tá Páirtnéireacht Forbartha Chiarraí Theas i measc na 49 n-eagraíocht forbartha áitiúla atá stiúrtha ag an bpobal in Éirinn. Oibríonn an SKDP i nDeisceart Chiarraí chun freagairt ar dhúshláin socheacnamaíocha pobail ar bhonn áitiúil.

Cuireann an eagraíocht réimse leathan tograí i ngníomh atá dírithe ar fhorás comhchothrom agus ceartas aeráide, ar nós Scéim Shóisialta na Tuaithe agus Kerry Social Farming. Tá baint ag an SKDP freisin le roinnt tionscadal maoinithe ag an Aontas Eorpach a dhéanann iniúchadh ar fhéidearthacht chomharchumainn fuinnimh phobail i gCiarraí Theas.

Mar chuid den obair leanúnach, tá an SKDP i gcomhar le grúpaí pobail áitiúla i gCiarraí Theas i mbun staidéar ar an indéantacht, agus tá suíomh beartaithe acu le haghaidh feirm ghréine a riarfaidh an pobal. Cé go bhfuil an suíomh céanna suite lasmuigh den Ghaeltacht, beidh sé i gcóngar agus beidh deis foghlama agus buntáistí ann do mhuintir na Gaeltachta. Táthar ag súil go rachaidh an tionscadal chun cinn i rith 2025.

## Athbheochan na Gaeltachta agus dul i ngleic le hísliú daonra, Tascfhórsa Uíbh Ráthaigh

Cuireadh tús le Tascfhórsa Uíbh Ráthaigh i Meán Fómhair 2017 mar mheitheal idirghníomhaireachta chun dul i ngleic le hísliú dhaonra na Gaeltachta. Rinneadh tuairisciú ar méid an dúshláin den chéad uair i gcuntas socheacnamaíoch déimeagrafach ar an nGaeltacht. Rinne Comhchoiste Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh an saothar a choimisiúnú agus foilsíodh in Earrach 2017 é. Coláiste Mhuire gan Smál i Luimneach a chuaigh i mbun na taighde ar bhonn neamhspleách.

Bailíonn an tascfhórsa réimse leathan gníomhaireachtaí le chéile idir áitiúil agus náisiúnta, gnólachtaí agus grúpaí pobail, agus comhlachtaí oideachais. Údarás na Gaeltachta atá i bhfeighil air.

## Ballraíocht Thascfhórsa Uíbh Ráthaigh:

- **Gníomhaireachtaí Stáit ⁊ Údaráis Áitiúla:** Údarás na Gaeltachta, Comhairle Chontae Chiarraí, An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS)
- **Institiúid Oideachais ⁊ Taighde:** Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan, Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí, Coláiste na hOllscoile Corcaigh, Teagasc, Ionad Taighde agus Fionntraíochta na Sceilge [Skellig CRI]
- **Eagraíochtaí Forbartha Pobail agus Soláthróirí Seirbhíse Áitiúla:** Páirtnéireacht Forbartha Chiarraí Theas, Nasc Áitiúil Chiarraí, Comhchoiste Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh, Comharchumann Naomh Fhionáin Teo
- **Gnó agus Turasóireacht:** Fáilte Ireland, Líonra Turasóireacht Chósta na Sceilge [Skellig Coast Tourism Network], Táirgí Tréad-Lia Teoranta
- **Grúpaí Cultúrtha:** Éigse na Brídeoige
- **Comhlachtaí Leathstáit:** Coillte, Bord Iascaigh Mhara

## Pleanáil Straitéiseach agus Éachtaí

Tá an tascfhórsa dírithe ar fhorbairt agus cur i bhfeidhm an dá phlean straitéiseach óna bhunú i leith. Tá sé d'aidhm ag an dá phlean bail seasmhach a chur ar dhaonra an cheantair. Bhí sprioc ag an gcéad phlean, ó 2019 go 2022, méadú 3% a chur ar an daonra, agus d'éirigh leis. Cuireadh iarracht fhairsing sheasta isteach chun teaghlaigh, daoine gan aon bhaint leis an gceantar, agus an diaspóra a mhealladh, chun an plean a bhaint amach. Tá sprioc fadtéarmach ann an daonra a fhorbairt go 2,100.

Bhí an tascfhórsa i mbun an-chuid plé leis an bpobal agus le páirtithe leasmhara eile le linn phróiseas beartaithe na bpleananna 2019 agus 2023. San áireamh a bhí:

- Suirbhé ar an diaspóra
- Agallóireacht duine le duine leis na páirtithe leasmhara uilig
- Grúpaí fócais le gnólachtaí áitiúla
- Ceardlanna sa phobal sa Dromaid, i gCathair Dónall, sa Ghleann, i mBaile an Sceilg agus sa Choireán

Cuireadh 20 duine faoi agallamh le linn athbhreithniú na bpleananna 2019-2022 agus 2023-2026. Ba léir ó anailís ar na sonraí éifeacht chur chuige idirghníomhaireachta an

tascfhórsa ó thaobh a réamhghníomhachta, na treorach a thug sé, an tionchair a bhí aige, agus éagsúlacht na hionadaíochta ann. Aithníodh borradh chomh maith ar ghrá na háite i nGaeltacht Uíbh Ráthaigh.  Aithnítear de réir a chéile gur áit í seo a bhfuil pearsantacht, mianta agus cumas don todhchaí aici atá uathúil.

## Dúshláin Leanúnacha agus Tosaíochtaí ag Teacht chun Cinn

Tá dúshláin fós roimh an nGaeltacht ó thús plean 2019-2022 i leith, ar nós:

- Ganntanas deiseanna gairmoibre inbhuanaithe
- Spleáchas ar fhostaíocht séasúrach turasóireachta
- Easpa bhonneagair iompair le gluaiseacht idir an Ghaeltacht agus bailte eile atá níos mó (cé go dtuigtear go bhfuil feabhas tagtha air seo le forbairt an Naisc Áitiúil le blianta beaga anuas)
- Deacrachtaí le rochtain ar sheirbhísí i gceantair ísle daonra

Thug athbhreithniú an Phlean Fheidhmigh 2019-2022 tosaíochtaí úra le fios freisin, cosúil le ganntanas géar tithíochta le ceannach nó le fáil ar cíos go fadtéarmach ar phraghas réasúnta. Tá sé seo tagtha chun cinn mar bhac mór in aghaidh théarnamh an daonra sa Ghaeltacht (Tascfhórsa Uíbh Ráthaigh, 2023). Mar aon leis sin, tá tionchar ar an gceantar ag athruithe polasaithe sa tréimhse idir 2019 agus 2023, ar nós:

- An Phaindéim COVID-19 agus an choimhlint sa Úcráin
- Athruithe ar pholasaithe forbartha áitiúla agus náisiúnta
- Bronnadh stádais 'Baile Seirbhíse Gaeltachta' ar Chathair Saidhbhín
- Fócas breise ar dhul i ngleic leis an athrú aeráide agus polasaithe cosúla ar bhonn áitiúil agus náisiúnta

Cuireann an plean 2023-2026 na gnéithe athraitheacha céanna san áireamh. Tá sprioc úr aige cuimhneamh ar thionchar aeráide na ngníomhaíochtaí agus go ndéanfar gníomhaíochtaí aeráide a shníomh isteach leis an méid atá ar bun cheana féin.

# Ag Díriú Isteach: Tithíocht sa Ghaeltacht



# 3. Ag Díriú Isteach: Tithíocht sa Ghaeltacht

## Tosaíochtaí an Chomhphobail a Aimsiú

Tar éis léargas a fháil ar fhoilseacháin agus luath-thorthaí curtha i gcrích ag TASC agus ag Cumas Ceantar, ba léir gurbh fhearr díriú isteach gan leisce ar dhúshlán ar leith roimh an bpobal. Bhíothas ag plé  le muintir na háite, oibrithe forbartha, taighdeoirí agus mic léinn Choláiste na Sceilge. Tháinig an tithíocht chun cinn mar ábhar fócais mar gheall ar dheacracht na faidhbe agus an oiread a raibh sí tar éis dul i bhfeidhm ar an nGaeltacht. Cuireann dearcadh an fhoráis chomhchothroim díograis nua le tabhairt faoi réitigh ar an ngéarchéim thithíochta a dhíríonn ar thairbhe an phobail féin. Táthar ag súil go dtacóidh próiseas The People's Transition le tograí ar mhaithe le forbairt áitiúil na Gaeltachta atá ann cheana féin, a chinntíonn nach gcuireann an obair isteach ar an gcomhshaol ná ar an bpobal.

## Baic Thithíochta agus Obair Leanúnach sa Ghaeltacht

Tá Gaeltacht Uíbh Ráthaigh cosúil le mórán ceantair áille ar fud na hÉireann sa chaoi go mbíonn deacrachtaí aici déileáil le hoiread na dtithe saoire agus teacht chun cinn AirBnB. Cuireann tionchar seachtrach brú ardaithe ar phraghasanna ceannacháin agus cíos agus cuireann sé le heaspa na dtithe ar fáil ar cíos ar bhonn fadtéarmach (O'Donnell agus McDonnell, 2024). Tá deacrachtaí ar leith ann ag baint leis an gceantar chomh maith. Tá líon mór na dtithe saoire i seilbh dhiaspóra Chiarraí Theas tugtha faoi deara ag Tascfhórsa Uíbh Ráthaigh. Is amhlaidh go mbíonn nasc muinteartha leis an nGaeltacht acu de bharr na dtithe sin (Tascfhórsa Uíbh Ráthaigh, 2023). Cuireann an plean an deacracht in iúl a thagann chun cinn le tithe gan chónaí rialta a thabhairt ar ais go riocht cónaithe.

É sin uilig ráite, tá céimeanna tógtha ag an Tascfhórsa chun an daonra áitiúil a neartú agus fáil ar thithe a éascú. Tá mórán déanta, mar shampla feachtas bolscaireachta ag mealladh athlonnaithe sa Ghaeltacht, plé leis na páirtithe leasmhara, agus bunachar na 300 teach tréigthe a chruthú—mórán dóibh siúd ar thalamh ard i bhfad ón gcósta. Tháinig 19 dteaghlach chun cónaí sa Ghaeltacht idir 2019 agus 2023 de bharr na n-iarrachtaí céanna (O' Caoimh, 2024).

Luann O'Caoimh (2024) baic eile in aghaidh soláthar tithe áfach, ainneoin líon na dtithe tréigthe. Ina measc siúd atá an costas teach tréigthe a athnuachan, iargúltacht mórchuid na dtithe, deacrachtaí le ceangal seirbhísí, agus cloí le polasaithe tithíochta áitiúla agus náisiúnta.

## Togra Tithíochta Uíbh Ráthaigh: Plean Cuimsitheach Tithíochta don Phobal

Le tuiscint ar an ngá le tithíocht inbhuanaithe a dhíríonn ar an bpobal, cheap Tascfhórsa Uíbh Ráthaigh agus Údarás na Gaeltachta Self Organised Architecture in 2022 chun taighde a dhéanamh ar riachtanais tithíochta, agus chun plean cuimsitheach a bheartú don tithíocht a stiúrfadh an pobal dóibh féin agus a rachadh i ngleic le deacrachtaí soláthair sa cheantar.

Is as sin a d'eascair Togra Tithíochta Uíbh Ráthaigh, a seoladh sa Dromaid ar an 14ú lá Feabhra 2024 agus a thacaíonn le tógáil 10-12 teach sa Ghaeltacht a bheidh ann le ceannach nó ar cíos go neamhchostasach buan. Bhí dhá phríomhstraitéis chuige seo:

1. Athbheochan tithe gan chónaí
2. Tógáil tithe neamhchostasacha as an nua

Cloíonn an Togra Tithíochta leis an gcur chuige 'Civic Partnership [Comhar Cathartha]' a leagfadh amach 'Community Land Trust [Iontaobhas Talaimh Poiblí]'. Bheadh an tIontaobhas i bhfeighil ar thionscnamh ina mbeadh dhá phríomhghné do bheartú agus riarú tithe amach anseo. Bunaithe ar chásanna staidéir agus tograí rathúla in áiteanna eile, molann an Community Land Trust comhoibriú le Comhlacht Ceadaithe Tithíochta náisiúnta le baol a laghdú agus cothabháil fhadtéarmach na dtithe a chinntiú.

Le linn bhunú Togra Tithíochta Uíbh Ráthaigh, rinneadh cruinnithe leis an bpobal in Earrach 2023, ar líne agus ar láthair. Sna himeachtaí idirghníomhacha seo, roinneadh eolas agus cuireadh leis an tuiscint ar an bpróiseas chun tithíocht phobalstiúrtha a thógáil, cruthaíodh láithreacha don mhachnamh agus don phlé, agus éisteadh le tuairimí ar an tithíocht áitiúil. Nocht suirbhé ar 21 duine na pointí seo a leanas:

- B'fhearr leis an gcuid is mó de dhaoine cónaí cois farraige agus bheidís toilteanach cónaí i mbaile atá ann cheana féin
- B'fhearr le cách a bheith gar do bhaile nó do shráidbhaile agus leag an chuid is mó béim ar rochtain ar iompar poiblí
- Bhí mórchuid a léirigh gurbh fhearr a bheith in ann obair ón mbaile
- Bhí daoine den slua den tuairim gur chóir comharsanacht a chruthú as an tithíocht agus gur chóir di fonn phobail a chothú, le spásanna glasa, láithreacha don chomhphobal, agus feiliúint don lucht aosta curtha san áireamh
- Shíl an chuid is mó gur gné ríthábhachtach i leagan amach an phlean é rannpháirtíocht an phobail

## Rannpháirtíocht na nÓg: Plé le Daltaí Choláiste na Sceilge

In Earrach na bliana 2024, chuaigh TASC agus Cumas Ceantar i mbun grúpaí fócais le tuairim is 30 dalta as an 5ú is an 3ú bliain i gColáiste na Sceilge i gCathair Saidhbhín. S'éard a phlé na dalta le linn an dá sheisiún de 90 nóiméad ná:

- Céard atá speisialta faoi Uíbh Ráthach?
- Ar mhaith leo a bheith ina gcónaí ann nuair a bheidh siad ina ndaoine fásta?
- Céard ba mhaith leo níos mó de a bheith ann?
- Aisling den Ghaeltacht agus a timpeallacht i gceann fiche bliain—cén saghas pobail a bheadh ann dá bhfeidhmeodh sé ar son na muintir agus an chomhshaoil?

Rinne na daltaí aithris ar mhórán de na pointí céanna a luaigh an t-aos níos sine, ach go háirithe ó thaobh an tionchair ag tithe ligthe ar cíos go gearrthéarmach ar an rochtain ar thithíocht fhadtéarmach. Moladh méadú ar mhodhanna eile lóistín do thurasóirí mar shampla óstáin agus tithe lóistín. Bhí beagnach gach grúpa ag súil le méadú ar an tithíocht fhadtéarmach agus iad ag samhlú na Gaeltachta i gceann fiche bliain, agus shíl roinnt acu gur chóir an tithíocht a bheith feiliúnach do sheandaoine. Léirigh na daltaí suim freisin i gcomhphobail bhríomhara le daonra níos mó, feabhas ar sheirbhísí agus áiseanna, agus láithreacha siamsa uile-aimsire taobh amuigh.

## Gnéithe logánta, Baile an Sceilg agus An Dromaid


### Baile an Sceilg

Leag comhaltaí 'Ballinskelligs Environmental Action Group (BEAG) [Grúpa Gnímh Comhshaoil Bhaile an Sceilg]' béim ar easpa infheistíochta sa chóireáil fuíolluisce a chuireann bac ar fhorbairt an tsráidbhaile. Léirigh BEAG go bhfuil an t-ionad cóireála atá ann faoi láthair faoi bhrú le déanaí le méadú ar na tithe saoire agus ar ghnónna. Nuair a bhíonn brú ar an gcóras, cuirtear an camras ag sruthú díreach isteach san fharraige agus déanann sé damáiste don chomhshaol ina thimpeall. Dúradh leis an

ngrúpa i gcomhrá le Comhairle Contae Chiarraí in 2021 gur gaire le 2030 faoin tráth go mbeadh infheistíocht ar fáil le haghaidh an ionaid.

Mar fhreagra ar na cúinsí deacra sin, tá 'Bogach Tógtha Comhtháite [Integrated Constructed Wetland (ICW)]' molta ag BEAG mar réiteach oiriúnach don todhchaí. Is bealach uisce a ghlanadh é ICW nach bhfuil díobhálach ar an gcomhshaol agus a bhfuil cuma ghnáthbhogaigh air. Líontar linne beaga ina gcuirtear plandaí ar leith a bhaineann truailliú ón uisce agus a eisíonn uisce glan, agus carbón á leithlisiú acu (i.e. á bhaint ó thimthriall an chomhshaoil agus á chur i bhfolach) (Uisce Éireann, 2023). Tá ICW i bhfeidhm cheana féin i Leic Snámha i dTuaisceart Chiarraí a bheadh mar threoirphlean dá mhacasamhail i mBaile an Sceilg.
<
Mhínigh an bainisteoir forbartha pobail ag Forbairt na Dromada Teo, a d'fhás aníos sa Dromaid ar thalamh ard achar ón gcósta ina a bhfuil an meathlú is measa tagtha ar an daonra, gurb í rochtain tithíochta an dúshlán is géire i gcoinne an cheantair. "Muna n-éireoidh linn an t-aos óg a mhealladh chun fanacht nó teacht anseo, beimid i bponc [If we don't get young people to stay or move here, we're goosed"]. D'eachtraigh sí ceithre bliana ar thóir ceadúnas pleanála i gceantar ina bhfuil a clann lonnaithe le 250 bliain anuas, agus í ag cuimhneamh ar a taithí féin.

Tugadh faoi rannpháirtíocht níos leithne i bpobal na Dromada mar chuid den tionscadal People's Transition, le breis is 50 muintir. Rinne muintir na háite cur síos ar dhrogall a bhí orthu maidir le srianta pleanála agus le foirgnimh thréigthe a athnuachan. Ba léir ó thorthaí na hoibre go raibh eagla dháiríre ar mhuintir na háite nach mbeadh an chéad ghlúin eile in ann fanacht ná filleadh de bharr easpa thithíochta.



*Pictiúr 1: Susan Leen. Sceitse Na Dromada. Eanáir 2025.*

# Cónaitheachtaí Ealaíne Pobalghníomhaí TOCHAIL



# 4.Cónaitheachtaí Ealaíne Pobalghníomhaí TOCHAIL

Bhí cur chuige speisialta ag TASC agus Cumas Ceantar mar chuid de chéimeanna rannpháirtíochta agus réitithe People's Transition, inar leagadh amach cónaitheacht ealaíne trí seachtaine a thug deis rannpháirtíochta don phobal. Tá sé mar bhunphrionsabal ag People's Transition urraim ceart a thabhairt do thuairimí mhuintir na háite. Tagann an ealaín phobail  leis an bpriosabal seo ina dtugtar aitheantas do mhuintir na háite mar shaineolaithe a saol agus a dtimpeallachta.

Chun súil a thabhairt ar an tithíocht, cuireadh de chúram ar na cónaitheachtaí teacht ar réitigh úra do ghéarchéim thithíochta na tuaithe a chloíonn leis an gceartas aeráide i gcomhthéacs níos leithne.


I mí Dheireadh Fómhair 2024, roghnaíodh beirt ealaíontóirí, Síomha Brock agus Susan Leen, agus comhar ealaíontóirí ina raibh Emily Fitzell, Zoë Uí Fhaoláin-Green agus James Rogers, le páirt a ghlacadh in TOCHAIL. Cuireadh in iúl a gcuid modhanna taighde, torthaí agus moltaí ag ócáid phobail sa Dromaid ar an 30ú Eanáir 2025.

I ndiaidh an chur i láthair, rinne TASC anailís ar phróiseas taighde agus ar thorthaí na gcónaitheachtaí chun téamaíocht chomhchoiteann ón bpobal a aimsiú, le tacú ó Chumas Ceantar agus an taighdeoir sóisialta áitiúil Breandán Ó Caoimh—atá ag obair ar son athbheochan Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh le fada an lá.

# Cur Chuige na gCónaitheachtaí

## *Síomha Brock*

Chuir Síomha Brock, ealaíontóir agus ceoltóir atá lonnaithe sa dúiche agus a ghníomhaíonn leis an bpobal, ceardlanna rannpháirtíochta dátheangacha ar siúl i mí Eanáir 2025 i gcaifé Bari Chathair Saidhbhín. Chuir Síomha láthair chomhoibre ar fáil chun réitigh aeráide is tithíochta a phlé ag baint úsáide as gníomhaíochtaí focal, colláis, plé ar chásanna staidéir, machnamh faoi threoir, múnlú cré, 'Cártaí Poist ón Todhchaí', agus modhanna eile. Bhí thart ar 16 duine i láthair ag na ceardlanna.





***Pictiúr 2: Fís-smaointeoireacht a rinne Nina Bloudau le linn na gceardlanna a chuir Síomha Brock ar siúl. Eanáir 2025.***

Agus í ag cuimhneamh siar ar an gcónaitheacht, rinne Síomha trácht ar an meon dóchasach a cothaíodh sna ceardlanna. Luaigh sí gur 'many participants expressed that stepping outside of structured policy discussions into a creative process allowed them to think more freely about possibilities. [thug a lán rannpháirtithe le fios gur chabhraigh sé leo éalú ó phlé struchtúrtha ar pholasaithe agus dul i mbun próisis chruthaithigh agus iad ag smaointeoireacht go saor faoi na féidearthachtaí].'

## *Susan Leen*

Físealaíontóir as Tuaisceart Chiarraí í Susan Leen le speisialtóireacht san ealaín bunaithe sa dúiche a ghníomhaíonn leis an bpobal. Dhírigh sí ar An Dromaid agus a timpeallacht in airde talaimh. Chaith Susan trí seachtaine in Ionad Pobail na Dromada i gcomhar le breis is 50 duine. Ina measc siúd a bhí oibrithe Scéim Shóisialta na Tuaithe, baill áitiúla Bhantracht na Tuaithe, muintir le dúchas sa cheantar agus muintir a tháinig níos déanaí, daltaí is múinteoirí bunscoile, baill foirne an bhrú agus oibrithe cúram leanaí.

Bhí Susan i bhfeighil ar phlé agus ceardlanna neamhfhoirmeálta le cur chuige na Dianéisteachta [Deep Listening]. Bhí comhráite idir glúnta, cartagrafaíocht shóisialta agus dreasanna ceardaíochta ann sa chur chuige. I rith an ama, rinne Susan taifead ar a tréimhse sa Dromaid le dialannú, idir scríofa agus físiúil.




***Pictiúr 3: Susan Leen. Sceitse le taifead a dhéanamh ar phlé. Eanáir 2025.***

## *Emily Fitzell, Zoë Uí Fhaoláin-Green agus James Rogers*

Thug an comhar ealaíne le chéile saineolas san oideachas, ailtireacht agus comhealaín chun smaointeoireacht a dhéanamh ar thithíocht le dearcadh 'ecologies of dwelling [éiceolaíocht chónaithe]'. Bhíodar den tuairim go bhfuil nasc ag an áit chónaithe leis an timpeallacht shóisialta, chomhshaoil agus chultúrtha sa Ghaeltacht agus le cónaí seanbhunaithe na ndaoine ar Leithinis Uíbh Ráthaigh. Bhain siad úsáid as an scéalaíocht, léirbhreithniú litríochta, dearthóireacht thuairimeach agus plé le staraithe agus saineolaithe áitiúla trí dhearcadh 'bioregional design [dearadh ceantair is comhshaoil]'. Leis sin, nasc siad tithíocht na Gaeltachta leis an saol sóisialta, dúlra agus cultúrtha.

Tugadh an deis do mhuintir an phobail machnamh a dhéanamh ar an 'ghrá na háite' a raibh acu don Ghaeltacht. Chuir sé seo leis an tuiscint bhí ann ar an gcaidreamh idir tithíocht, féiniúlacht áitiúil, agus an timpeallacht bheo. Cumadh dán pobail ag an deireadh dar teideal 'The Housing Step [Céim na Tithíochta]', ina bhfuil plé ón gcónaitheacht fite fuaite le tírdhreach fisiceach agus liteartha Uíbh Ráthaigh.



***Pictiúr 4: Léarscáil a d'fhorbair Emily, Zoë agus James i rith na cónaitheachta le dathanna a rinneadar de láimh le hábhar ón talamh. Eanáir 2025.***

# Téamaí a d'Eascair

## 1. Ag tógáil tithe, ag tógáil pobail

Bhí téama le brath sna cónaitheachtaí ar fad; ba cheart mó ná na brící agus mórtar agus teach leis féin a bheith sa tithíocht. Ba cheart di cur leis an bpobal agus an t-imeascadh ann a éascú, ag spreagadh comhoibre agus inbhuanaitheachta. Téann an méid seo leis an gcoincheap Gaelach meitheal.

Bhí béim ar an iomlánaíocht in obair Shíomha; láithreacha agus deiseanna fiontraíochta pobail ar nós táirgeadh bia áitiúil agus comhlacht d'fhuinneamh inathnuaite sa dúiche. Bhí Emily, James agus Zoë ag plé an chaidrimh idir áiteanna cónaithe príobháideacha agus coiteanna, agus mhol siad 'softening the boundaries between my house/not my house [an teorainn idir mo theach agus teach eile a shéimhiú]'. Rinne siad tagairt do thograí forbartha pobail agus láithreacha coiteanna don fhoghlaim chuige seo. Dhírigh Susan ar an ngá le cur chuige iomlánaíoch leis an bhforbairt trasna an bhoird, le béim á cur ar rochtain ar sheirbhísí amhail cúram na sláinte, láithreacha cruinnithe agus deiseanna fostaíochta.

Téann sé seo i gcoinne an dearcaidh choitianta ar an tithíocht in Éirinn, ina mheastar gur acmhainní chun an tsaibhris iad tithe, a bhfuil a luach san ioncam ón gcíos agus mar shochar ar infheistíocht, seachas mar bhunriachtanas daonna, bua pobail agus áit chun saol breá a chaitheamh i gcomhphobal muinteartha (aistrithe ó Hearne, 2017). Cé gur mhinic a dhíreodh caint ar an tithíocht faoin tuath ar uaigneas agus easpa seirbhísí, is suimiúil go bhfuil béim ar an bhfolláine uilechoiteann, seachas ar indibhidiúlachas, agus ar chóngaracht do na comharsana agus do sheirbhísí le brath sna físeanna ag teacht ó TOCHAIL.

## 2. An Ghaeilge mar chuid lárnach d'fhorbairt tithíochta agus pobail

Tháinig ról na Gaeilge agus a ceangal le tithíocht na Gaeltachta chun cinn in gach aon chónaitheacht.

Luadh i dtaighde Shíomha gur theastaigh forbraíochtaí tithíochta ina mbeidh nasc láidir leis an nGaeilge ó rannpháirtithe amach anseo. Mhínigh siad go bhfuil an dúlra agus traidisiún na meithle fite fuaite sa Ghaeilge agus go bhfuil tithíocht fhadtéarmach ag teastáil chun an teanga a chaomhnú. D'inis rannpháirtí amháin sa ghníomhaíocht 'Cártaí Poist ón Todhchaí' aisling ina dtógtar Gaelcholáiste sa Dromaid a sholáthraíonn fostaíocht agus a bhfuil liosta feithimh aige de bharr éilimh. Shamhlaigh duine eile an saol laethúil ina chónaí i bhforbraíocht tithíochta sa Ghaeltacht a riarann an pobal, agus dúirt:

*'Is annamh anois é a cloisfeá Béarla in Uíbh Ráthach, ach amháin ag cuairteoirí'*

Mhol Síomha obair i gcomhar le comhlachtaí cultúrtha agus tacaithe na Gaeilge i bpróiseas pleanála na tithíochta, chun cothú na teanga a shníomh isteach san fhorbairt.

Rinne Emily, James agus Zoë iniúchadh ar iarrachtaí leanúnacha a chomhcheangal leis an ealaín. Mhol siad féile as Gaeilge a thugann aghaidh ar ghníomhaíocht aeráide agus tithíocht chun tograí agus oibritheoirí áitiúla agus náisiúnta a bhailiú le chéile. Leanann sé seo le traidisiún bríomhar féilte agus léiriúchán Uíbh Ráthaigh. Bhí Taigh/Tŷ/Teach, dráma trítheangach a léiríodh sa Dromaid in 2024 le Gaeilge na hÉireann is na hAlbain, agus an Bhreatnais ann, agus féile sheanbhunaithe bhliantúil Éigse na Brídeoige a cheiliúrann oidhreacht, béaloideas agus ceol.

Nocht taighde Susan éagsúlacht sa taithí leis an nGaeilge sa Dromaid. Cé go raibh dream ann a dúirt nach n-úsáideann siad féin an Ghaeilge go laethúil, bhraith sí mar sin féin borradh sa Ghaeilge agus san éileamh uirthi sa cheantar. Is dócha go mbaineann an t-athrú seo le hathrúcháin a tháinig ar oideachas sa Ghaeltacht le déanaí.

Thug an Roinn Oideachais Polasaí don Oideachas Gaeltachta isteach sa bhliain 2016, a thug cead do scoileanna i limistéir phleanála teanga cur isteach ar Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta (An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2016). Ní mór do scoileanna teacht le critéir theanga a chuireann leis an tumoideachas chun an stádas a bhaint amach. Faigheann na scoileanna leis an stádas breis acmhainní agus tacaíocht chun oideachas na Gaeilge a threisiú.

Luaigh oibrí forbartha áitiúil go bhfuil an stádas Gaeltachta bronnta ar trí scoil sa cheantar. Tugann sé rochtain ar naíonra agus bunoideachas Gaeilge do ghasúir na háite, chomh fada leis an Teastas Sóisearach. Is í an Ghaeilge príomh-mheán na cumarsáide in gach ábhar sna timpeallachtaí céanna.

Tá na hathruithe tugtha faoi deara ag muintir na háite. Dúirt duine fásta amháin le Susan go raibh béim níos lú ar an nGaeilge le linn a chuid scolaíochta. Luaigh duine eile feabhas mór san oideachas Gaeilge ó dheireadh na 20ú aois i leith. Mhínigh ball foirne sa naíonra Gaeilge go bhfuil borradh trí oiread tagtha ar éileamh na scoile le cúig bliana anuas.

Agus í ag machnamh ar a tréimhse sa Dromaid, chuir Susan béim ar fhéidearthacht athbheochan na Gaeilge chun an t-aos óg a mhealladh chun na Gaeltachta agus cur fúthu i bpobal Gaeilge.

## 3. Polasaithe tacúla

Ba léir ó thorthaí gach cónaitheachta go mbeadh meon oscailte ag teastáil i mbeartú na bpolasaithe chun tacú leis an athrú tithíochta sa Ghaeltacht.

An téama ó thorthaí thaighde Shíomha ná go bhfuil polasaithe ar leith ag teastáil don Ghaeltacht a 'thugann tús áite don chónaí fadtéarmach agus do chothú na teanga, ag cinntiú go mbeidh tacú d'fhorbairt tithíochta, seachas an pobal a dhíbirt [prioritise long-term local residency and language preservation, ensuring that housing developments support, rather than displace the community].' Anuas air sin, léiríonn torthaí na taighde gur gá tithíocht chomhoibritheach rannpháirtíoch a mhaoiniú agus tograí píolótacha a thaispeánann a féidearthacht agus a bheadh mar treoir chun Gaeltachtaí eile a spreagadh.

Nocht obair Susan fadhbanna le foirgnimh dhearóla gan chónaí agus tionchar na dtithe ar cíos gearrthéarmach ar an bpobal, cosúil le múnla AirBnB. Theastaigh feabhas rialacháin uathu siúd a raibh sí ag labhairt leo.

Bhí Emily, James agus Zoë ag plé le muintir na háite agus le saineolaithe. Thaispeáin a gcuid oibre go bhfuil níos mó saoirse ag teastáil ar bhonn áitiúil ionas gur féidir réitigh úra, rannpháirtíocha ar an tithíocht thuaithe a bheartú. Bhaineadar spreagadh as múnlaí rathúla na Breataine agus na Spáinne chomh maith. Agus mhaíodar gur féidir

le saoirse ar bhonn na dúiche réitigh thithíochta a oireadh ní b'fhearr don áit féin a éascú. Chuirfeadh na réitigh chéanna le hiarrachtaí tithe a thógáil nó a athnuachan don úsáid ar fud na tíre.

D'áitigh Síomha, Emily, James agus Zoë go bhféadfadh Gaeltacht Uíbh Ráthaigh a bheith mar eiseamláir do phobail mhionteanga eile le meascán de pholasaithe tacúla agus cur chuige inbhuanaithe a thugann tús áite don phobal. Dúirt Síomha:

*'D'fhéadfadh múnla tithíochta inbhuanaithe in Uíbh Ráthach feidhmiú mar threoir do Ghaeltachtaí eile lena léireofaí an bealach a thiocfadh comhphobail ar chothromaíocht idir an traidisiún agus an nuálaíocht. Le meascán tithíochta agus múnla inbhuanaithe don gheilleagar, cuir i gcás feirmeoireacht chomhphobail agus fuinneamh inathnuaite, agus na moil dhigiteacha atá ann, d'fhéadfadh Uíbh Ráthach a bheith ina ceannródaí d'fhorbairt a oireann don aeráid faoin tuath.*
*[A sustainable housing model in Uíbh Ráthach could serve as a blueprint for other Gaeltacht areas, demonstrating how rural communities can balance tradition with innovation. By integrating housing with sustainable economic models, such as community-owned agriculture and renewable energy projects, and the already existing digital work hubs, Uíbh Ráthach could become a leader in climate-smart rural development.]'*

## 4. Malartán agus Forbairt Scileanna, Deiseanna Fostaíochta

Léirigh obair Shíomha agus Susan cumas na tithíochta faoi stiúir an phobail chun malartán scileanna agus deiseanna fostaíochta a spreagadh. Shamhlaigh grúpaí ceardlanna slí bheatha bunaithe ar chomhoibriú, rannpháirtíocht agus baint ghníomhach sa phróiseas tógála. Rinneadar aisling ina raibh ról gníomhach acu i dtógáil a dtithe féin. D'eachtraigh rannpháirtí amháin sa 'Cárta Poist ón Todhchaí':

*'Táim tar éis filleadh ó mhaidin ag obair i meitheal ag tógáil an chéad bhotháin eile. Tá gach aon duine ag cur saothair isteach ag pointí éagsúla sa tógáil.*
*[I'm just back from a morning working with some of the other residents on the next cabin to be finished. We have each given time during the different stages of the build].'*

Chuir Susan mar aon le hEmily, James agus Zoë béim ar thábhacht chaomhnú na scileanna traidisiúnta (nó an béaloideas) mar shampla tógáil claíocha cloch. Mhol Susan scileanna áitiúla a aithint agus na scileanna a chur ar aghaidh ó ghlúin go glúin. Chuir Emily, James agus Zoë an cheist an bhféadfaí leathnú ar chúrsaí tógála claíocha cloch atá ann faoi láthair—mar shampla i gColáiste Breisoideachais ¬ Oiliúna Chiarraí—chun barr feabhais a chur ar oiliúint ar bhonn áitiúil.

Ag baint ionsparáide as leithéidí Common Knowledge i gcontae an Chláir, mhol Emily, James agus Zoë ionad oiliúna a chruthú sa Ghaeltacht. Reáchtálfaí an t-ionad as Gaeilge agus chuirfeadh sé oiliúint ar fáil i modhanna tógála forbartha in oiriúint leis an aeráid agus leis an gcomhshaol.

Ag teacht leis na smaointe thuasluaite, luaigh Susan agus Síomha go gcuirfeadh scéim phíolótach tithíochta rannpháirtí le fostaíocht sa cheantar i réimsí cosúil le tógáil inbhuanaithe agus fiontraíocht talaimh.

## 5. Ábhair Inbhuanaithe agus Soláthar Logánta

In gach cónaitheacht, chuir rannpháirtithe agus ealaíontóirí araon béim ar an tábhacht le hábhair áitiúla, inbhuanaithe a úsáid. Bhí plé sna comhráite a reáchtáil Susan sa Dromaid ar shuntas na cloiche agus féidearthacht olann chaoirigh a úsáid don insliú. Díol suntais is ea é nár tarraingíodh aird ar gach aon ábhar atá ar fáil mar acmhainn. Thug Susan faoi deara, mar shampla 'nach raibh rud maith le rá ag duine ar bith ar bhuail mé leo faoi na plandálacha (Sprús Sitceach) seo [not one person I met said good things about these [Sitka spruce] plantations].' Tá plandálacha gallda monashaothraithe dá leithéid seo le fáil ar fud na Gaeltachta, ach go háirithe ar thalamh ard agus thart ar na bailte tréigthe, agus le sprús Sitceach nó sprús Lochlannach iontu den chuid is mó.

Cuireadh béim i gceardlanna Shíomha ar úsáid ábhar nádúrtha áitiúil, modhanna tógála a oireann don dúlra, agus prionsabail na dtithe éighníomhacha. Mhol Emily, James agus Zoë slabhraí soláthair níos giorra agus d'áitigh siad go neartaíonn ábhair áitiúla an pobal, trí laghdú ar an spleáchas ar acmhainní iompórtáilte agus trí mhaoin a choimeád sa dúiche féin.

## 6. Leas a Bhaint as an Neart atá ann sa Phobal

Thug gach ceann de na cónaitheachtaí aitheantas do neart na bpobal atá ann cheana féin i nGaeltacht Uíbh Ráthaigh agus an saineolas atá acu.

Rith muintearas na Dromada le Susan agus na sluaite ag bailiú le haghaidh na n-imeachtaí pobal, ainneoin daonra beag na háite. Is leis an bpobal brú áitiúil na Dromada agus tá sé mar eiseamláir do thograí dá leithéid i ndúichí beaga. Is iad an fiontar sóisialta Forbairt na Dromada Teo a riarann an brú agus tá siad ag tabhairt faoi cheannachán an Inny Tavern Bar and Foodstore. D'fhéadfadh sé a bheith mar an chéad tábhairne faoi chúram an phobail i gcontae Chiarraí agus na féidearthachtaí a léiriú má thugtar áis agus tacú don phobal féin. Tá an tábhairne i lár an phobail le 35 bliain anuas agus tá sé ar an margadh le 2 bhliain faoin tráth seo. Bhailigh Forbairt na Dromada Teo an t-airgead le cur síos ar iasacht ón mbanc. I mí Feabhra 2025, sháraíodar an 100,000 € a bhí fós ag teastáil uathu níos lú ná mí tar éis tús an fheachtais.

Ar an téama céanna, mhol Síomha leas a bhaint as líonra an cheantair le stiúir a choimeád ar fhorbraíocht tithe úra. Mhaígh Emily, James agus Zoë an tábhacht tacú le maoir phobail a chuireann le neart na dtograí atá chun tairbhe leithinis Uíbh Ráthaigh i gcoitinne.

## 7. Rannpháirtíocht an Phobail sa Phleanáil agus sa Dearadh

Téama a rith le gach cónaitheacht TOCHAIL ná tábhacht rannpháirtíocht an phobail sa phróiseas deartha do thithíocht faoi stiúir an phobail.

Léirigh taighde Susan gur fiú rannpháirtíocht ón bpobal ar fad a thosaíonn go luath sa togra. Chuir Emily, James agus Zoë béim ar an tábhacht obair ón mbun aníos ionas go mbeidh muintir na háite ag plé le dearthóirí agus ealaíontóirí. Tríd an gcomhoibriú céanna, cuirfidh an tithíocht le grá an phobail don áit is a timpeallacht.

## Súil Siar ar TOCHAIL

Tharraing cónaitheachtaí TOCHAIL aird ar an tábhacht leis an teanga a chaomhnú, le prionsabal an chomhshaoil, leis an bpleanáil rannpháirtíoch i bhforbairt tithíochta na Gaeltachta. Tá fís chorraitheach sna torthaí—fís a théann níos faide ná teach leis féin is a chruthaíonn láithreacha lena gcothaítear an teanga, lena gcuirtear le fostaíocht áitiúil agus ina mbíonn an saol rathúil le hómós ar an domhan mór. Léirigh na rannpháirtithe go bhféadfadh togra píolótach tithíochta pobalstiúrtha in Uíbh Ráthach a bheith mar threoir agus eiseamláir ar fud an domhain dá mbeadh polasaithe cuí ann lena dtabharfaí tacaíocht dó, agus gur féidir leis an tithíocht a bheith ina bua don tsochaí agus ina foinse mhisní agus athnuachana.




***Pictiúr 5: Susan Leen. Íomhá ag taispeáint gnéithe an phobail idéalaigh mar shnáitheanna. Eanáir 2025.***

# Forbairt Áitiúil Phobalstiúrtha le hAghaidh an Cheartais Aeráide: Bealaigh Chun Tosaigh



# 5.Forbairt Áitiúil Phobalstiúrtha le hAghaidh an Cheartais Aeráide: Bealaigh Chun Tosaigh

## An Tithíocht agus Forás Comhchothrom

Is ceart daonna bunúsach í rochtain ar thithíocht shlán, inacmhainne, atá oiriúnach ar bhonn cultúrtha. D'ainneoin sin, tá géarchéim thithíochta ann in Éirinn a bhaineann ón gcaighdeán maireachtála ar fud na tíre (An Coimisiún Tithíochta, 2024). Níos déine ar na haosaigh óga agus an lucht ar ioncam íseal atá na hiarmhairtí de bharr nach bhfóirtear ar riachtanais tithíochta le blianta anuas.

Ag an am céanna, imreoidh cur chuige na hÉireann i leith na géarchéime tithíochta ról mór ar a cumas dul i ngleic leis na spriocanna aeráide. An timpeallacht faoi fhoirgnimh agus an earnáil tógála is cúis le 37% d'astaíochtaí na hÉireann in 2018, de réir taighde ón Irish Green Building Council (IGBC). Tá an fuinneamh á úsáid i bhfoirgnimh agus i dtithe san áireamh anseo, chomh maith le lorg an charbóin ó thógáil fhoirgneamh úr (IGBC, 2022).

Beidh réiteach ar an ngéarchéim thithíochta atá bunaithe ar chearta daonna agus a thugann faoi spriocanna dáiríre don aeráid ag teastáil chun forás comhchothrom tithíochta a bhaint amach. Ní mór, mar sin, don réiteach ar an tithíocht cur le ceartas sóisialta agus feabhas aeráide.

Tá freagairt phobaldírithe ar na cúinsí deacra leagtha amach sa treoir ar an tithíocht a stiúrann an pobal i nGaeltacht Uíbh Ráthaigh, Togra Tithíochta Uíbh Ráthaigh, a foilsíodh in 2024. Moltar ann iontaobhas talaimh poiblí a bhunú a bheadh i bhfeighil ar tionscadal tithíochta pobalstiúrtha i nGaeltacht Uíbh Ráthaigh. Eagraíochtaí daonlathacha gan bhrabús a riarann an comhphobal iad CLTanna a dhéanann talamh a shealbhú, a fhorbairt is a mhaoirsiú ar mhaithe leis an bpobal go fadtéarmach. Mar sin, soláthraíonn siad tithe a fhanfaidh ar phraghas réasúnta agus acmhainní riachtanacha eile; gairdíní agus láithreacha poiblí, siopaí agus tograí fuinnimh, mar shampla. Cinntíonn siad go bhfanfaidh na buntáistí ó aon ardú luacha sa cheantar féin (Community Land Trust Network, gan dáta).

Cuireann Togra Tithíochta Uíbh Ráthaigh an múnla CLT chun cinn mar réiteach inmharthana ar na dúshláin a bhaineann le todhchaí chomhchothrom, inbhuanaithe a chruthú. San áireamh sa mhéid seo atá inacmhainneacht tithíochta, forbairt inbhuanaithe agus dlúthrannpháirtíocht ó dhreamanna atá ar ioncam íseal agus atá ar an imeall. Tugann an múnla CLT faoi úinéireacht na talún ar bhealach éagsúil freisin ina dtagann tithíocht ar phraghas réasúnta, láithreacha poiblí, athbhunú an dúlra agus gníomhaíocht aeráide le chéile (Parker-Tong agus Bergouhnioux, 2024).

Is féidir le CLTanna feidhmiú chun maoin a fhorbairt don phobail, freisin [Community Wealth Building (CWB)]. Múnla eacnamaíoch dírithe ar dhaoine in áit ar leith ina roinntear úinéireacht é CWB. Tá sé d'aidhm ag an múnla dul i ngleic le bunchúiseanna an neamhionannais chun geilleagar níos daonlathaí níos cothroime a chruthú trí ghlór agus seilbh níos treise a thabhairt do dhaoine agus pobail san fhorbairt áitiúil.

Imríonn institiúidí ancaireachta ról lárnach san fhorbairt áitiúil sa mhúnla forbartha maoine pobail. Is féidir cur síos orthu mar eagraíochtaí móra bunaithe in áit ar leith a bhfuil tionchar acu ar an ngeilleagar áitiúil trí sholáthar, fostaíocht agus úinéireacht acmhainní agus talún (CLES, gan dáta). Is institiúid ancaireachta tábhachtach Údarás na Gaeltachta do cheantair ghaeltachta na hÉireann, mar shampla.

Tá feachtas ceannródaíoch ar bun ar fud an Ríochta Aontaithe ag an Centre for Local Economic Strategies. Luann sé cúig bhunphrionsabal le forbairt mhaoine pobail:

1. Feabhas a chur ar roinneadh na húinéireachta sa gheilleagar áitiúil trí chomharchumainn, eagraíochtaí pobail agus múnlaí úinéireachta, a riarann an pobal, a chothú.
2. Cumhacht airgeadais a chur chun leas an phobail áitiúil trí áis a bhaint as maoin na háite agus infheistíocht a spreagadh sa phobal seachas lasmuigh de.
3. Cothrom na Féinne san fhostaíocht agus sa mhargadh post trí bhéim a chur ar earcú ó cheantair ar ioncam íseal agus trí chúinsí maithe oibre agus pá ar ráta maireachtála a chinntiú.
4. Forás áiseanna agus seirbhísí a sholáthar trí mheán na n-institiúidí ancaireachta a choimeádann an maoin sa cheantar.
5. Fáil daonlathach ar thalamh an phobail agus na hearnála poiblí a fheabhsú chun talamh a chur chun feidhme torthúla don tsochaí.

Cuireann an múnla People's Transition [Forás an Phobail] ag TASC forbairt mhaoine pobail le chéile le forbairt áitiúil agus daonlathas rannpháirtíoch chun teacht ar réitigh aeráide atá i seilbh an phobail féin, agus a chuireann leis an tacú le haghaidh fhorás ghasta chothrom.

## 1. An chiorclaíocht agus láithreacha coiteanna a fhorbairt le haghaidh na gníomhaíochta aeráide leis an tithíocht pobalstiúrtha

Baineann an chuid seo smaointe ó chásanna staidéir in Éirinn is Albain chun prionsabail fhoráis chomhchothroim a shníomh isteach le togra píolótach tithíochta faoi stiúir an phobail, ina gcruthófaí láithreacha poiblí, ina mbainfí úsáid as fuinneamh inathnuaite agus ábhair áitiúla nach mbeadh tionchar as cuimse acu ar an timpeallacht agus ina mbeadh béim ar chiorclaíocht (i.e. athúsáid agus laghdú ar an gcur amú) agus ar oiliúint.

Molann Togra Tithíocht Uíbh Ráthaigh 10-12 aonad a thógáil a bheadh ar fáil ar cíos nó le ceannach a fhanfadh ar chostas réasúnta. San áireamh i gCuid 1 atá aonaid ar cíos ar phraghas réasúnta a thógfaí as an nua, agus baineann gCuid 2 le hathnuachan ar fhoirgnimh fholmha le ceannach ar phraghas réasúnta. Tá deiseanna ann sa dá chuid chun láithreacha a chruthú a thacaíonn le gníomhú ar son na haeráide agus le forbairt mhaoine don phobal.

### Na Cásanna Staidéir

#### *Baile Éiceolaíoch Chloch Shiúrdáin, Cloch Shiúrdáin (Éire)*

An chéad bhaile éiceolaíoch in Éirinn é Baile Éiceolaíoch Chloch Shiúrdáin. Bhí sé mar aidhm ón tús go mbeadh ról ag an togra i gcoinne ghéarchéim na haeráide ar bhonn áitiúil agus an tuath a athbheochan trí fhorbairt eacnamaíoch inbhuanaithe (Kirby, 2020). Tá os cionn 50 teach ann nach n-úsáideann mórán carbóin, ionad fiontraíochta glaise, brú óige éiceolaíoch, agus 50 acra le haghaidh sholáthar an bhia agus athbheochan an dúlra agus na gcoillte.

#### *Achd a' Chàirn, Geàrrloch (Alba)*

Togra tithíochta rannpháirtíoch sna Garbhchríocha in iarthuaisceart na hAlban é Achd a' Chàirn. Communities Housing Trust a d'fhorbair agus tá 25 theach ar phraghas réasúnta atá tíosach ar an bhfuinneamh san áireamh sa togra a tógadh le béim curtha ar an inbhuanaitheacht (Communities Housing Trust, 2023a). Tá ionad pobail ann atá mar an gcéad fhoirgneamh in Albain le teastas 'teach éighníomhach', chomh maith le hionad foghlama, siopa feirme, caifé agus clinic tréidliachta.

***Ard Geal, Ceann na Creige (Alba)***

Suite i bPáirc Náisiúnta Cairngorms gar do bhaile Cheann na Creige atá forbraíocht Ard Geal ina bhfuil 10 dteach inbhuanaithe ar phraghas réasúnta a tógadh ar thalamh ar le Forestry Commission Scotland í tráth (Communities Housing Trust, 2023b). Iarracht an bhunscoil áitiúil a choimeád ar oscailt agus tithíocht a thabhairt do mhuintir áitiúla a spreag an togra. Communities Housing Trust a ghlac seilbh ar an talamh tríd an National Forest Land Scheme agus a chuir faoi úinéireacht fhadtéarmach an phobail.

## Tógáil le hÁbhar Áitiúil Inbhuanaithe

Chuir rannpháirtithe gach uile chónaitheachta TOCHAIL béim ar ábhair áitiúla inbhuanaithe a úsáid le linn tógála agus in athnuachan tithíochta sa Ghaeltacht. Tá sé seo ag teacht leis an bhforás comhchothrom trí laghdú ar astaíochtaí carbóin agus forbairt na maoine sa phobal.

Is dea-shampla den mhúnla sin in Éirinn é Éiceabhaile Chloch Shiúrdáin. Tá os cionn 50 teach nach n-úsáideann mórán carbóin sa bhaile, a tógadh le modhanna éiceolaíocha agus ábhair inbhuanaithe. Tá Cairt Éiceolaíoch i bhfeidhm a d'fhorbair an tÉiceabhaile a chinntíonn inbhuanaitheacht thógáil na dtithe. Leagtar amach sa chairt treoracha chun éifeacht an fhuinnimh a mhéadú agus ábhair inbhuanaithe ón gceantar féin a mholadh don tógáil (Kirby, 2020). Tugtar solúbthacht leis an gcairt freisin, le héagsúlacht sa mhodh tógála ar nós tógáil leis an dóib, insliú cnáibe is aoil, agus frámaí adhmaid éighníomhacha.

Rinneadh a leithéid d'iarrachtaí tionchar ar an timpeallacht a laghdú i dtógáil Ard Geal. Baineadh úsáid as maidí adhmaid ón suíomh foraoiseachta céanna ar a tógadh na tithe féin. Bheartaigh Community Housing Trust obair i gcomhar le conraitheoirí agus soláthróirí áitiúla freisin bunaithe i gceantar 30-míle thart ar an láthair chun an slabhra soláthair a choimeád beag agus áitiúil.

Tá roinnt deiseanna ann ábhair inbhuanaithe áitiúla a úsáid sa dá chuid den tionscadal de bharr chur i bhfeidhm Togra Tithíochta Uíbh Ráthaigh.

- **Cuid 1 (Tithe Úra ar Cíos Réasúnta):** Sa chéad chuid, tabharfaidh cónaitheoirí áitiúla agus Gaeltacht Uíbh Ráthaigh Community Land Trust (URCLT) [Iontaobhas Thalamh Phobail Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh] faoi dhreas roghnúcháin iomaíoch chun dearthóirí a fháil don togra. Is féidir a lua sa tairiscint féin ag an bpointe seo go bhfuiltear ag iarraidh ábhair a úsáid atá áitiúil, inbhuanaithe, athchúrsáilte nó le ráta íseal carbóin ag baint leo. Is féidir an mian a chur in iúl arís agus fáil ar ábhair áitiúla a iniúchadh i gCéim 8 d'Fhorbairt an Deartha, ina mbeidh URCLT agus muintir na háite ag comhoibriú le dearthóirí chun árais chónaithe agus láithreacha poiblí a dhearadh.
- **Cuid 2 (Foirgnimh Fholmha a Athnuachan):** Le linn chéim na tógála, beidh deis sa bhreis ann tús áite a thabhairt d'ábhair áitiúla a oireann do charachtar na bhfoirgneamh atá ann cheana féin má thugann na dearthóirí faoina n-obair i gcomhar le muintir na háite a bheidh ann.

### Fuinneamh Inathnuaite agus Córais Teasa Inbhuanaithe

Bíonn ar thithe úra in Éirinn cloí le caighdeáin an chreatlaigh Nearly Zero Energy Building (NZEB) [Foirgneamh gar d'Fhuinneamh Nialasach] agus dá bhrí sin caithfidh siad úsáid a bhaint as fuinneamh inathnuaite. Tá deis ann sa tógáil rannpháirtíoch ar bhonn píolótach triail a bhaint as bealaí nua don phobal fuinneamh inathnuaite a sholáthar san fhorbraíocht. Mar shampla, tá córas roinnte teasa i bhfeidhm ag Éiceabhaile Chloch Shiúrdáin a sholáthraíonn teas agus uisce te do na tithe ar fad. Baineann an córas úsáid as an mbithmhais mar bhreosla agus tá réimse phainéal gréine 500$m^2$ ann mar thacú air sin. Is féidir an múnla céanna do theas ar charbón íseal a úsáid arís i bhforbraíochtaí tuaithe.

D'fhéadfadh URCLT féidearthacht agus inbhuanaitheacht bithmhais a sholáthar ó fheirmeoirí áitiúla a iniúchadh, ach go háirithe agus plandálacha sprús Sitcigh ag teacht in aois sna blianta atá romhainn. D'fhéadfaí an tIontaobhas Talún Pobail (CLT) a úsáid chun an togra fuinnimh inathnuaite a leathnú is a fhorbairt, ag brath ar shuíomh agus talamh oiriúnach a bheith ann. Bheadh buntáiste eacnamaíoch ann don phobal i gcoitinne agus bheadh sé mar dhea-shampla do dhaonlathas an fhuinnimh.

### Fás agus Táirgeadh an Bhia

Bheadh bhealach praiticiúil ann gníomhú ar son aeráide a shníomh isteach sa togra tithíochta le táirgeadh chomhphobal an bhia, rud a luadh sna cónaitheachtaí TOCHAIL. Is áit dheas don phobal iad láithreacha fáis phoiblí a threisíonn an soláthar bia agus a chothaíonn traidisiúin idir glúnta.

Ní hamháin go mbeadh láthair don phobal áitiúil i ngarraí poiblí sa Togra Tithíochta Uíbh Ráthaigh, ach deis an dúiche a chomhtháthú leis an gcuid eile den cheantar dá mbeadh sé ar fáil dóibh sin freisin. Ag brath ar an spás a bheadh ar fáil, b'fhéidir go n-oirfeadh achar ní ba lú do gharraí beag pobail, agus go mbeadh féidearthacht ann d'fheirm phobail le hachar ní ba mhó. Is bealach coitianta é seo a bhaint amach an múnla Community-Supported Agriculture (CSA) [Talamhaíocht le Tacú an Phobail].

Is comharchumann feirme é Cloughjordan Community Farm [Feirm Phobail Chloch Shiúrdáin] a bunaíodh in 2008 agus a bhaineann úsáid as modhanna tairgthe orgánacha agus an múnla CSA. Cruthaítear nasc díreach idir tomhaltóirí agus feirmeoirí leis an CSA ina roinntear na buntáistí is na rioscaí ó thairgeadh an bhia eatarthu (Community Supported Agriculture, 2018). Tá os cionn 90 ball le Cloughjordan Community Farm a íocann táille mhíosúil as costais tháirgthe, riaraithe agus tuarastail chun soláthar rialta glasraí úra a fháil (Cloughjordan Community Farm, gan dáta). Tá beirt fheirmeoirí lánaimseartha fostaithe ag an bhfeirm ach mar a luann Kirby (2020), tá a lán saothair ann a bhraitheann ar thacaíocht ó oibrithe deonacha fadtéarmacha. Chomh maith le tairgeadh an bhia, cothaíonn an fheirm an pobal trí imeachtaí oideachasúla, béilí pobail agus siúlóidí feirme.

D'fhéadfaí garraí pobail a chur le Togra Tithíochta Uíbh Ráthaigh sna bealaí a leanas:

- **Cuid 1 (Tithe Úra ar Cíos Réasúnta):** D'fhéadfaí smaoineamh ar gharraí pobail sna céimeanna deartha tosaigh agus forbartha de Chuid 1. Bhraithfeadh na gnéithe ar leith ar thalamh agus spás an tsuímh féin, chomh maith le fís URCLT do láithreacha poiblí.
- **Cuid 2 (Foirgnimh Fholmha a Athnuachan):** D'fhéadfaí fás pobail a chur san áireamh le cuid 2, freisin. Murab ionann is suíomhanna cathrach, is minic a dhíoltar foirgnimh fholmha is tréigthe mar aon leis an talamh ina dtimpeall. Is féidir athearraíocht a bhaint as cuid den ghabháltas mar gharraí pobail.

## Oiliúint agus Ionaid Oideachais

### Oiliúint

Tháinig an tábhacht oiliúint agus an oideachas a shníomh isteach le forbraíocht tithíochta Gaeltachta trasna i ngach cónaitheacht TOCHAIL. É sin ráite, is bunchloch fhorás comhchothrom na tithíochta an oiliúint (International Labour Organisation, 2015). Leis seo, bíonn obair níos fearr ar fáil, ionas gur féidir le daoine agus an pobal páirt ghníomhach a ghlacadh agus tairbhe cheart a bhaint as an tsochaí gan charbón.

Seoladh scéim oiliúna in Ard Geal, mar shampla, chun ceardaíocht tuaithe, scileanna glasa agus obair thalmhaíochta a spreagadh (Communities Housing Trust, 2023b). D'oibrigh conraitheoir áitiúil le seachtar printíseach de chuid mhuintir na háite mar chuid den togra in 2012 chun tacú le tithe a thógáil. Bhí triúr acu fós i gcomhar leis an gconraitheoir céanna in 2022, agus an ceathrar eile ag obair le conraitheoirí eile sa cheantar. Tugann an méid seo tionchar fadtéarmach na scéime ar fhostaíocht tuaithe le fios.

Tá neart slite inar féidir an oiliúint a chur san áireamh i dtogra píolótach tithíochta sa Ghaeltacht:

- **Léargas scileanna:** D'fhéadfaí léargas a thógáil ar na scileanna agus an saineolas atá ann cheana féin i measc an phobail i luathchéimeanna Chuid 1 agus Chuid 2 ar aon. Léireofaí leis seo na deiseanna a bheadh ann don oiliúint agus chun scileanna traidisiúnta na Gaeltachta a chaomhnú. Thabharfadh na torthaí uaidh seo stiúir don chomhdhearadh i gCuid 1, ina mbeadh URCLT, muintir na háite, agus dearthóirí ag dearadh na dtithe agus na láithreacha poiblí i gcomhar lena chéile.
- **Forbairt Scileanna Áitiúla:** D'fhéadfadh URCLT dul i gcomhar le BOO Chiarraí [Kerry ETB], SOLAS, agus Údarás na Gaeltachta freisin chun leas a bhaint as scéim thacaíochta oiliúna Glasoiliúint agus iarracht dháiríre a dhéanamh deiseanna a spreagadh do scileanna glasa ó thús, i bhfad roimh an tógáil féin. Tá deontais suas go € 2,000 ar fáil ó Glasoiliúint chun tacú leis an lucht ceirde ar nós leictreoirí, pluiméirí, agus tógálaithe scileanna glasa a fhorbairt mar shampla painéil ghréine agus teaschaidéil a chur isteach, agus anailís a dhéanamh ar éifeachtúlacht fuinnimh (Údarás na Gaeltachta, 2025).

## Ionaid Oideachais

Is láthair fhisiciúil nó fhíorúil í saotharlann bheo [living lab] a chruthaítear chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin na sochaí trí chomhoibriú agus comhsmaointeoireacht a spreagadh i measc páirtithe leasmhara éagsúla (Hossain, Leminen agus Westerlund, 2019). Is minic a chuireann saotharlanna beo taighde, fiontraíocht, agus oideachas i bhfeidhm san fhíorshaol.

Is dea-shampla Éiceabhaile Chloch Shiúrdáin den mhúnla sin curtha i gcleachtas. Tugann an tÉiceabhaile 'saotharlann bheo na hinbhuanaitheachta [living laboratory of sustainability]' air féin agus feidhmíonn sé mar mhol oideachais agus foghlaim phobail. Teastaíonn ón mbrainse oideachais Village Education, Research and Training (VERT) ceannródaí inbhuanaitheachta, athnuachan tuaithe, agus smaointeoireacht thodhchaí a dhéanamh as an Éiceabhaile (Kirby, 2020). Cuireann an tÉiceabhaile imeachtaí, féilte, ceardlanna agus comhdhálacha ar siúl go rialta ar thopaicí cosúil le fuinneamh pobail agus talmhaíocht inbhuanaithe.

D'fhéadfadh forbraíocht faoi stiúir an phobail i nGaeltacht Uíbh Ráthaigh feidhm saotharlainne beo laistigh den Ghaeltacht a bheith aici freisin. Bheifí in ann láithreacha poiblí a úsáid chun ceardlanna rannpháirtíocha, cuairteanna, agus tionóil a chur ar siúl ar thopaicí ar nós tithíochta pobalstiúrtha, forbraíochta pobalstiúrtha áitiúla, agus an fhoráis chomhchothroim. Ba chóir a lua nach mbeadh a leithéid de shaotharlann ceaptha a bheith ann in ionad, ach i dteannta leis na moil oideachais atá ann cheana féin sa Ghaeltacht agus i gCiarraí.

Tá an deis ann freisin an t-aos óg agus daltaí a chur ag foghlaim ar bhonn gníomhach praiticiúil. Tá easpa thaithí leis an earnáil tógála le linn na meánscolaíochta le feiceáil i dtaighde ón Meitheal Náisiúnta um Spreagadh Gairmiúil san Earnáil Tógála [National Working Group for the Promotion of Careers in the Construction Sector], ach go háirithe i measc scol cailíní (DFHERIS, 2023). D'fhéadfadh daltaí meánscoile ó Choláiste na Sceilge agus ó cheantair Ghaeltachta eile cuairt a thabhairt ar an láithreán tógála le linn chéimeanna 1 agus 2 den togra, ina bhfoghlaimeoidís faoin tógáil inbhuanaithe trí mheán na Gaeilge.

D'fhéadfadh an URCLT cur leis na caidrimh a bunaíodh trí Thascfhórsa Uíbh Ráthaigh ó 2017 i leith, agus deiseanna béaloideas agus traidisiún a fhoghlaim as Gaeilge trí dhul i gcomhar le hinstitiúidí áitiúla ar bhonn neamhfhoirmeálta mar shampla Coláiste Chiarraí, Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí, CRI na Sceilge, Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan agus eagraíochtaí forbartha pobail ar nós Comhchoiste Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh agus Páirtnéireacht Forbartha Chiarraí Theas.

## Ag Sárú na hAicme 'A': Cur Chuige Iomlánaíoch i Leith na hInbhuanaitheachta

Ag sárú fócais chúng ar réitigh thithíochta bunaithe ar theicneolaíocht agus baint amach na haicme 'A' amháin, rinneadh teanndícheall sa chuid seo léiriú gur féidir cur chuige iomlánaíoch i leith na gníomhaíochta aeráide a ghlacadh i dtogra tithíochta faoi stiúir an phobail. Ag teacht leis an múnla People's Transition ag TASC, is féidir lena leithéid de chur chuige buntáistí níos forleithne a thabhairt don phobal agus don dúlra ar aon, ach go háirithe ag díriú ar chiorclaíocht, scileanna a fhorbairt, oiliúint, agus tairgeadh inbhuanaithe an bhia.

Chun an meon céanna a shníomh isteach sa URCLT ón tús, d'fhéadfaí Cairt Foráis Chomhchothroim a chur san áireamh i ngarsprioc 1 de threoir rialaithe an Togra Tithíochta. Is é Grúpa Stiúrtha [Steering Group] an URCLT féin a chumadh an chairt le linn dhréachtadh misin agus físe an togra. I measc na samplaí den chineál céanna atá Éiceabhaile Chloch Shiúrdáin, inar chruthaigh baill Cairt Éiceolaíoch le chéile a thug léargas ar bhunphrionsabail fhorbairt an bhaile. Chomh maith leis sin atá Iontaobhas Talamh Phobail Chorn na Breataine [Cornwall Community Land Trust], a bhunaigh cairt a leag síos caighdeáin chomhshaoil agus fuinnimh níos cuimsithí ná na caighdeáin náisiúnta (Cornwall Community Land Trust, 2019).



## 2. Timpeallacht Beartas Thacúil

Téann an chuid seo trí pholasaithe a bhaineann le tithíocht na Gaeltachta agus le tithíocht faoi stiúir an phobail [CLH] in Éirinn.

### *Tuarascáil an Choimisiúin Tithíochta*

Bunaíodh an Coimisiún Tithíochta sa bhliain 2021 agus cuireadh de chúram air teacht ar bheartais agus gníomhaíochtaí a theastódh chun córas tithíochta a bhunú in Éirinn a fheidhmeodh go héifeachtach fadtéarmach. Tá níos mó ná 80 moladh agus 500 gníomh agus foghníomh san áireamh sa phríomhthuarascáil de chuid an Choimisiúin, Tuarascáil an Choimisiúin Tithíochta, a eisíodh in 2024. Mhaígh an Coimisiún ach go háirithe gur cheart tosaíocht náisiúnta inti féin a dhéanamh as an tithíocht mar go dtacódh sí le comhtháthú sóisialta agus forbairt an gheilleagair. D'áitigh sé freisin 'nach ndéanfadh ach athchóiriú straitéise ó bhonn ar pholasaithe na tithíochta cúis [only a radical strategic reset of housing policy will work]' le dul i ngleic leis an ngéarchéim atá ann faoi láthair.

Mínítear moltaí agus gníomhartha a thacódh go háirithe le ceantair thuaithe agus Gaeltachta na hÉireann i gCuid 9 den tuarascáil, Tithíocht Tuaithe. San áireamh atá:

**9.3 Pobail Tuaithe Inbhuanaithe a Fhorbairt**

- Gníomh 1: Dearaí ar ardchaighdeán bailte agus sráidbhailte a chur i bhfeidhm:
    - 1e: Oiliúint agus tacaíocht chuí a sholáthar don éiceachóras tógála chun tithíocht ísealcharbóin a fhorbairt agus chun cabhrú le coinneáil daonra i mbailte agus i sráidbhailte tuaithe.
- Gníomh 4: Rannpháirtíocht an phobail a leabú i bpleanáil agus forbairt tithíochta i gceantair thuaithe:
    - 4b. Cumhacht a thabhairt do phobail chun tithíocht agus spásanna poiblí a chomhchruthú a bhfuil rochtain mhéadaithe acu ar an dúlra, a chomhcheanglaíonn taisteal gníomhach agus áiteanna ilghlúine aoisbháúla, le fócas ar chomharsanachtaí ardcháilíochta atá athléimneach ó thaobh aeráide de a sholáthar.
    - 4e. Tacú le cuir chuige dearaidh faoi stiúir an phobail amhail comhthithíocht, comharthithíocht, iontaobhais talún pobail agus AHBanna áitiúla.

**9.5 Áiteanna Cónaithe Tánaisteacha agus Tithe Saoire**

- Moladh #62: Monatóireacht chruinn a dhéanamh ar leitheadúlacht agus ar úsáid áiteanna cónaithe tánaisteacha agus tithe saoire in Éirinn faoin tuath.

### 9.7 Tacú le Pobail Oileáin agus Gaeltachta

Moladh #64: Tacaíochtaí tiomnaithe a sholáthar do phobail na n-oileán agus na Gaeltachta lena n-inmharthanacht fhadtéarmach a áirithiú trí bheartas Ár nOileáin Bheo a chur i bhfeidhm.

- Gníomh 2: Tacaíocht agus acmhainní a chur ar fáil d'athchóiriú áiteanna cónaithe folmha ar oileáin agus i réigiúin Ghaeltachta.
- Gníomh 3: Tacaíochtaí tithíochta a mhéadú chun forbairt agus iarfheistiú a chur chun cinn ar oileáin agus i réigiúin Ghaeltachta.
- Gníomh 4: Aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna stoic tithíochta mar gheall ar áiteanna cónaithe tánaisteacha agus tithe saoire.
- Gníomh 5: An rogha thionachta atá ar fáil a leathnú chun cíos príobháideach, úinéireacht phríobháideach, tithíocht shóisialta agus tithíocht ar cíos de réir costais a áireamh.
- Gníomh 6: Forbairt roghanna tithíochta sóisialta agus inacmhainne do phobail na n-oileán agus na Gaeltachta a chur chun cinn trí údaráis áitiúla agus AHBanna.
- Gníomh 7. Beartas Náisiúnta do Phleanáil Tithíochta sa Ghaeltacht a fhorbairt.

### Tionscadal Píolótach Tithíochta Pobalstiúrtha a Éascú sa Ghaeltacht

*Togra Tithíochta Uíbh Ráthaigh*

Mínítear ceithre mholadh thábhachtacha i gCaibidil 7 de Togra Tithíochta Uíbh Ráthaigh chun tionscadal píolótach tithíochta faoi stiúir an phobail a éascú is a fhorbairt de réir treoirlínte na tuarascála:

1. Bronnann an Roinn Tithíochta agus an Ghníomhaireacht Tithíochta an teideal Cíos de réir Costais ar an tionscadal, a bheadh de dhíth chun é a fhorbairt.
2. Maolú ar Incháilitheacht Cíos de réir Costais agus Tosaíochtaí na Scéime, a éascódh forbraíocht in áit chónaithe tuaithe do ghaeilgeoirí, dóibh siúd ar mhaith leo an Ghaeilge a fhoghlaim, agus dóibh siúd ar mhian leo cónaí ann go lánaimseartha.
3. Maoiniú ón nGníomhaireacht Airgeadais Tithíochta [Housing Finance Agency (HFA)] agus Cost Rental Equity Loan (CREL) [Airlic Ghnáthscaire Chíos Costais] nó infheistíocht STAR Cíos Costais don tionscadal píolótach. De rogha air sin, d'fhéadfaí Ciste (ba ghá a aisíoc) a bhunú don tionscadal píolótach.
4. Go mbeadh Croí Cónaithe nó a leithéid de dheontais ar fáil don tionscadal píolótach. Thacódh sé seo le hathnuachan tithíochta a bheadh faoi stiúir an phobail agus ar phraghas réasúnta go buan, ina ndéanfadh eagraíocht amháin athnuachan ar scata tithe le ceannach ar phraghas réasúnta.

## *Earnáil Tithíochta Inmharthana Pobalstiúrtha a Bheartú in Éirinn*

D'fhoilsigh Self-Organised Architecture (SOA) sraith lámhleabhar in 2021 tar éis tionscadal taighde bliana ar Thithíocht faoi Stiúir an Phobail (CLH) in Éirinn. Tá an dara lámhleabhar dírithe ina iomlán ar pholasaithe agus tograí a thacódh le hearnáil a bhunú in Éirinn (Flynn agus O'Donnell, 2021). Seacht moladh atá sa lámhleabhar. Thacódh gach aon cheann acu ar bhonn díreach nó indíreach le tionscadal tithíochta faoi stiúir an phobail i nGaeltacht Uíbh Ráthaigh a bhunú:

**An Múnla a Aithint:**

1. Aontú idir páirtithe leasmhara ar bhrí 'Tithíocht faoi Stiúir an Phobail' i gcomhthéacs na hÉireann
2. Sainmhíniú ar Iontaobhas Thalamh Pobail a chur in Acht na dTithe 2019 (Acht um Chomhlachtaí Tithíochta Ceadaithe a Rialáil) [the Housing (Regulation of Approved Housing Bodies) Act 2019]

**Obair Phíolótach chun an Cur Chuige a Thaispeáint**

3. Go rachaidh páirtithe leasmhara—na Ranna Tithíochta agus Airgeadais, an Ghníomhaireacht Tithíochta, an Ghníomhaireacht Forbartha Talún agus Údaráis Áitiúla cuí san áireamh—i gcomhar le ceann amháin nó níos mó de ghrúpaí CLH in Éirinn chun tionscadal píolótach a chruthú a thaispeánfadh an múnla

**Méadú ar an Acmhainn:**

4. Ciste um Thithíocht faoi Stiúir an Phobail le méadú ar acmhainn na hearnála úire seo
5. Mol' tacaithe a chruthú don Tithíocht faoi Stiúir an Phobail in Éirinn

**Maoirseacht Talún Poiblí:**

6. Cur ar a gcumas do ghníomhaireachtaí poiblí beartais a ghlacadh chun talamh phoiblí a dhíol nó a ligean ar léas chun na forbraíochta ar bhonn iomaíoch, de réir critéar luach shóisialta agus inmharthanachta airgid.

**Airgeadas Inrochtana ar Ús Íseal:**

7. Saintáirgí maoine ar ús íseal don tógáil agus don mhaoiniú fadtéarmach, ar féidir leo tacú le forbairt inbhuanaithe agus le comharchumainn neamhspleácha.

## Tacú faoi Leith le hAghaigh Cheantar Ghaeltachta na hÉireann

### *Polasaí Náisiúnta Pleanála Tithíochta sa Ghaeltacht*

Tá dúshláin ar leith ann roimh cheantair Ghaeltachta na hÉireann a bhfuil gá do bheartais spriocdhírithe chun freagairt orthu. Léiríonn Tuarascáil an Choimisiúin Tithíochta (2024) deacrachtaí roimh an óige ag lorg ceada pleanála agus de bharr ganntanais tithíochta ar fud na nGaeltachtaí. Mar sin, molann an tuarascáil Polasaí Náisiúnta tiomnaithe ar Phleanáil na Tithíochta sa Ghaeltacht.

Gealltar le Clár an Rialtais 2025 go n-oibreoidh an rialtas i gcomhar le hÚdarás na Gaeltachta chun tacú le tithíocht a sholáthar sa Ghaeltacht. Gealltar leis an gClár treoracha pleanála faoi leith don Ghaeltacht, pleananna forbartha speisialta, agus sainspriocanna tithíochta don Ghaeltacht freisin (Rialtas na hÉireann, 2025). Is iad an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta, agus Údarás na Gaeltachta atá i gceannas ar dhréachtadh na dTreoracha Pleanála faoi láthair. Tá dreas comhairliúcháin leis an bpobal ceaptha sula nglacfar leis na treoracha i ndeireadh na dála (Tithe an Oireachtais, 2024).

Conradh na Gaeilge, atá tiomnaithe an Ghaeilge a spreagadh in Éirinn agus thar lear, a d'fhoilsigh aon mholadh déag do thithíocht na Gaeltachta in 2020. Ina measc siúd a bhí:

- Cúram pleanáil a bheartú a roinnt le hÚdarás na Gaeltachta
- Measúnuithe neamhspleácha a dhéanamh maidir le tionchar ar an teanga
- Srian a chur ar athdhíolachán tithe
- Díolúintí ar bhonn teanga a thabhairt do mhuintir dhúchasach thoghranna na Gaeltachta
- Tús áite a thabhairt dóibh siúd le Gaeilge
- Teorann a chur ar líon na dtithe saoire in aon toghroinn amháin
- Níos mó tithíochta sóisialta a chur ar fáil i gceantair Ghaeltachta

Tá dhá fheachtas tithíochta tagtha chun cinn i measc na ngnáthdhaoine le blianta beaga anuas, Bánú agus TINTEÁN, mar thoradh ar ghanntanas na tithíochta inacmhainne sa Ghaeltacht agus deacrachtaí cead pleanála a fháil. Díríonn Bánú ar fhadhbanna tithíochta i gConamara agus ar na hOileáin Árainn, agus is togra náisiúnta TINTEÁN a fheidhmíonn i gcoinne na géarchéime tithíochta i nGaeltachtaí ar fud na tíre.

Chuir comhaltaí ón dá ghrúpa agóidí ar siúl in Earrach na bliana 2025 tráth díospóireachta ar an mBille um Údarás na Gaeltachta (Leasú), 2024 i nDáil na hÉireann (Tithe an Oireachtais, 2025). Tá lucht na hagóide ar son cumhacht reachtúil a thabhairt don Údarás a theastódh le mír bhille a dhréachtadh don tithíocht a fhreastalódh ar riachtanais na Gaeltachta (Conradh na Gaeilge, 2025). Iarrann an feachtas leasú ar an mBille ionas go bhfoilseodh Údarás na Gaeltachta Straitéis Dhaonra agus Thithíocht na Gaeltachta i ngach Limistéar Pleanála Teanga, freisin.

### *Áiteanna Cónaithe Tánaisteacha agus Tithe Saoire*

Is léir ó Thuarascáil an Choimisiúin Tithíochta (2024) gur gá dul i ngleic le tithe tánaisteacha agus tithe saoire agus a dtionchar ar cheantair thuaithe agus chósta na hÉireann. Moltar inti dúichí faoi bhrú a aithint atá faoi dhrochthionchar, agus dréachtadh polasaithe a éascú dóibh ar bhonn áitiúil. Cuireann an tuarascáil comhbhéim ar bhuntáistí agus míbhuntáistí le tithe saoire agus aithníonn sí go mbíonn drochthionchar ag an iomarca tithe tánaisteacha ar an gceantar, a bhfuil an méid seo a leanas ina measc:

- Praghasanna ródhaora do dhaoine áitiúla de bharr ceannaitheoirí níos rachmasaí,
- Róspleáchas ar fhostaíocht sealadach sa samhradh,
- Meathlú an phobail i gcoitinne de bharr imirce na hóige ón dúiche.

Ní in Éirinn amháin a bhíonn míbhuntáistí de bharr tithe saoire. Tugann feachtasaíocht chun líon na dtithe saoire a laghdú i leithéidí na Breataine Bige, na Fraince, agus na Spáinne léargas áisiúil dúinn ar pholasaithe a fhorbairt d'Éirinn (Young, 2022).

Sa Bhreatain Bheag ó 2017 i leith, tá an chumhacht ag údaráis áitiúla cánacha níos airde a ghearradh ar thithe a bhíonn folamh cuid den am nó atá gan chónaí le tréimhse fhada (Rialtas na Breataine, 2022). B'é 100% den ghnáthráta an t-uasmhéid go dtí 2023, inar ardaíodh go 300% é. Ar an dóigh chéanna, is féidir le bardais i ceantair le ganntanas tithíochta sa Fhrainc cáin a ardú le 60% ar thithe tánaisteacha. Leathnaíodh go fairsing ar na ceantair a bhfuil cead acu an cháin a ghearradh sa bhliain 2023 (Reddan, 2023). Tá cáin úr faoi chaibidil ag Rialtas na Spáinne a ghearrfadh ráta suas le 100% ar cheannachán tithe acu siúd ach nach bhfuil cónaí orthu san AE. An sprioc leis an gcáin ná srian a chur ar cheannachán fiontrach agus costais a fheabhsú (Kassam, 2025).

## Cén Dealramh a Bheadh ar Dhea-Thimpeallacht Beartas i nGaeltacht Uíbh Ráthaigh?

Ba bhuntáiste do chruthú dea-thimpeallachta don tithíocht phobalstiúrtha gach ceann de mholtaí an Choimisiúin Tithíochta agus Self-Organised Architecture a luaitear sa chuid seo. Ba chéim i dtreo polasaithe náisiúnta tacúla iad chomh maith. Trí chéile, léiríonn siad go bhfuil cur chuige cuimsitheach bunaithe ar an áit féin ag teastáil a chuireann go gníomhach le comhtháthú sóisialta, inbhuanaitheacht an chomhshaoil agus seasmhacht an chultúir.

Ó gurb é Údarás na Gaeltachta an ghníomhaireacht stáit de chúram ar fhorbairt eacnamaíoch, sóisialta agus cultúrtha na Gaeltachta, tá sé in áit mhaith le ról lárnach a ghlacadh ag dul i ngleic leis an ngéarchéim thithíochta inti. Bheadh an ghníomhaireacht in inmhe i bhfad ní b'fhearr le freagairt réamhghníomhach a thabhairt ar fhadhbanna dá mbeadh an chumhacht agus an acmhainn aici.

Caithfear polasaithe dírithe ar an nGaeltacht a dhréachtadh ar bhonn áitiúil oiriúnaithe, áfach. Bheadh dúshláin éagsúla roimh aon Ghaeltacht ar leith. D'fhéadfadh rochtain ar chead pleanála a bheith mar an dúshlán ba mhó i nGaeltacht amháin, agus easpa thithíochta sóisialta nó barraíocht tithe saoire a bheith ann i nGaeltacht eile.

Caithfear aire a thabhairt ag teacht ar réiteach a bhaineann áis as saineolas na dúiche féin freisin, agus cinntiú nach n-eascródh deacrachtaí gan choinne. Mar shampla, cé gur léir an gá d'fhreagairt in aghaidh tithe saoire ar fud Uíbh Ráthaigh, tá solúbthacht ag teastáil sa chur chuige sin freisin. Chosnódh an tsolúbthacht chéanna i gcoinne dochair eacnamaíoch agus chinnteodh sí go mbeadh dóthain lóistín agus óstán ann go fóill, de réir prionsabal inbhuanaitheachta turasóireachta. Gan a leithéid, b'fhéidir nach ndéanfadh cuairteoirí ach turasanna lae in Uíbh Ráthach, agus nach gcuirfidís leis an ngeilleagar áitiúil ar shlí ní b'iomláine.

## 3. Comhghníomhaíocht a Bhunú is a Chur chun Cinn trí Líonra Tithíochta Pobalstiúrtha

Tá ról tábhachtach ag líonraí i gcothú na comhghníomhaíochta mar go ndéanann siad malartán smaointe, bailiú acmhainní, comhoibriú agus misneach an ghrúpa a éascú. Deir Gilchrist (2019) go bhfuil ról lárnach ag an líonra i bhforbairt an chomhphobail de bharr an mhéid seo a leanas; cuireann siad cumarsáid sheasmhach, díláraithe ar fáil; éascaíonn siad comhghníomhaíocht agus comhpháirtíocht; is bunchloch chomharchumann iad idir ghníomhairí éagsúla; spreagann siad cur isteach ón ngnáthdhuine agus comhtháthú pobail; agus cuireann siad láithreacha ar fáil don fhoghlaim agus don mhachnamh.

Ós rud é go spreagann siad agus go gcuireann siad an chomhghníomhaíocht chun cinn, is bealach áisiúil tábhachtach iad líonraí agus fóraim cumas a thabhairt do dhaoine beart agus gníomh a thógaint dóibh féin go háitiúil. Bailíonn siad an slua le chéile chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna agus riachtanais phobail.

Dhéanfadh líonra maith tithíochta le tacú agus faoi stiúir an phobail na smaointe agus téama ón tuairisc seo a shníomh le chéile agus a chur chun cinn ar mhaithe le Gaeltacht Uíbh Ráthaigh. Ní hamháin go ndéanfaí gníomhú aeráide rannpháirtíoch a chur san áireamh i dtionscadal píolótach tithíochta, ach leagfaí bunchloch do thograí ní b'fhairsinge a tháinig chun cinn i gcónaitheachtaí TOCHAIL, mar shampla an fhéile Ghaeilge maidir le tithíocht agus ghníomhú aeráide. Bheadh an líonra ina spreagadh nach beag caidrimh a chruthú agus dul i mbun polasaithe. Dá mbunódh an líonra láthair don ghníomhú, chothódh sé caidrimh le grúpaí feachtasaíochta, eagraíochtaí pobail, agus dreamanna eile a dhíograisíonn i gcoinne na géarchéime tithíochta sa Ghaeltacht nó a bheartaíonn tithíocht a stiúrann an pobal dóibh féin. Thacódh an méid sin le malartán taithí agus comhfhoghlaim; neartódh sé an abhcóideacht a stiúrann polasaithe a fheidhmeodh ar bhonn áitiúil agus náisiúnta ar aon.

### Cúrsaí a Chur ar Bun

Cé go dtiocfadh forbairt ar an líonra tithíochta faoi stiúir an phobail de réir a chéile le dul chun cinn na hoibre, d'fhéadfaí scóip agus Téarmaí Tagartha an líonra a leagadh síos bunaithe ar na téarmaí a d'eascair sna cónaitheachtaí TOCHAIL:

- Pobal a thógáil trí thithe a thógáil
- Tús áite don Ghaeilge i bhforbairt tithíochta agus pobail
- Polasaíocht tacúil
- Malartán scileanna, oiliúint agus deiseanna fostaíochta
- Ábhar inbhuanaithe agus soláthar áitiúil
- Áis a bhaint as neart agus saineolas an chomhphobail
- Rannpháirtíocht na muintir áitiúla sa phleanáil agus dearadh

Bunús maith an méid sin chun tús a chur le cúrsaí, lena mbunaítear forbairt an líonra ar thaithí shaoil agus mianta an chomhphobail.

Is minic a bhíonn an obair dheonach agus cúnamh neamhfhoirmeálta ríthábhachtach, ach ní héasca dealú uaireanta idir obair dheonach agus saothar gan chúiteamh (Overgaard, 2019). Ní mór acmhainn chuí a sholáthar do líonra den chineál seo, agus is dócha gur gá comhordaitheoir a fhostú. Beidh réimse leathan de ghníomhaíochtaí i gceist leis an líonra a riarú, idir obair dheas toilteanach agus obair chrua gan chúiteamh. Is fíor sin thar aon am eile agus aghaidh á tabhairt ar bhearnaí sa chóras náisiúnta, cosúil leis an easpa thithíochta sa Ghaeltacht.

Faoi mar atá mínithe thuas, bheadh cúram ní ba leithne ar an líonra tithíochta ná díreach dea-chleachtas aeráide a chur chun cinn sa togra tithíochta. Mar sin, bheadh an líonra éagsúil ón Iontaobhas Talaimh Phoiblí, a riarfar ar son an tionscadail phíolótaigh amháin. É sin ráite, más rud é go mbeadh comhordaitheoir ag teastáil don URCLT, d'fhéadfaí maoiniú a lorg don bheirt chomhordaitheoir le chéile, dá dtarlódh go mbeadh an dá ról páirtaimseartha agus go mbeadh srian ar acmhainní.

# Conclúid



# 6. Conclúid

S'éard atá i gceist sa mhúnla leagtha amach in The People's Transition: Community-led Development for Climate Justice ná muintir a chur san áireamh go córasach i ndearadh, cur i bhfeidhm agus úinéireacht an ghníomhaíochta ar son na haeráide. Leis sin, bhraithfeadh an pobal buntáistí na forbartha inbhuanaithe agus mar sin go ndíograiseofaí ar son na sochaí gan charbón agus gan astaíochtaí. Aithnítear sa mhúnla go mbeadh buntáiste mhór i gceist don fhorbraíocht áitiúil ar fud na hÉireann ach infheistíocht phoiblí a chur ar fáil do thograí faoi stiúir an phobail, agus go rachadh an méid seo i ngleic le fadhbanna neamhionannais ar an oileán.

Ach caithfear beart a dhéanamh de réir an bhriathair. A bhuí le tacú ó AIB, bhí an deis ag TASC obair le Cumas Ceantar Uíbh Ráthaigh, a chomhpháirtithe, agus pobail Uíbh Ráthaigh ar feadh níos mó ná bliana chun The People's Transition a chur chun cinn. Tá dream maith in Uíbh Ráthach agus a thimpeallacht ag díograisiú cheana féin ar son na forbraíochta áitiúla pobalstiúrtha agus ag dul i ngleic le fadhbanna na Gaeltachta ar mhaithe lena hathnuachan. Bhain an tionscadal People's Transition áis agus tairbhe as a dtacú is a stiúir.

Tá seasmhacht ag teacht ar dhaonra Uíbh Ráthaigh le blianta beaga anuas a bhuí le díograis ghníomhairí áitiúla agus iarrachtaí stiúrtha Thascfhórsa Uíbh Ráthaigh. Ní féidir talamh slán a dhéanamh d'athbheochan fhadtéarmach an cheantair áfach, de bharr eisimirce leanúnaí. I measc na ndúshlán roimh an gceantar, seasann an ganntanas tithíochta—ar cíos nó le ceannach—amach thar aon rud eile. Tá an fhadhb mar bhac nach beag i gcoinne mhéadú an daonra agus tá sí mar bhaol mór do thodhchaí na Gaeltachta. Is fadhb dheacair ilghnéitheach í géarchéim na tithíochta sa Ghaeltacht; bíonn deacrachtaí ann le cead pleanála, obair dheisiúcháin ar fhoirgnimh thréigthe agus gan chónaí, agus líon mór na dtithe ar cíos gearrthréimhse agus ina dtithe saoire thart timpeall.

Chun aghaidh a thabhairt air seo, leag Self-Organised Architecture treoir amach do thogra píolótach tithíochta faoi stiúir an phobail, a foilsíodh in 2024. Míníonn an treoir an cur chuige le tithe tréigthe a athnuachan agus tithíocht úr inacmhainne a thógaint sa Ghaeltacht. Leanann People's Transition ar aghaidh leis sin, ag plé le ról na tithíochta pobalstiúrtha bunaithe ar phrionsabail mhaoin phoiblí i bhforás comhchothrom d'Uíbh Ráthach.

Baineann Caibidil 5 den tuairisc seo le torthaí na gcónaitheachtaí TOCHAIL agus cuirtear trí chonair ghaolta i láthair a ina gcuirtear réitigh ar an ngéarchéim thithíochta chun cinn ina bhfuil an pobal i lár an aonaigh san fhorás comhchothrom. Pléann an chéad cheann le gnéithe den fhorás comhchothrom a chur san áireamh i bhforbraíocht phíolótach faoi stiúir an phobail. S'éard a bheadh i gceist ná láithreacha coiteanna don phobal, tograí fhás an bhia, córais inathnuaite fuinnimh agus ábhar áitiúil a úsáid, agus béim láidir ar oiliúint agus forbairt scileanna.

Má chuireann an múnla People's Transition béim ar úinéireacht agus cumas an phobail i bpróiseas an fhoráis, aithníonn sé an gá do thimpeallacht thacúil freisin. Dá bhrí seo, pléann an dara conair leis an bpolasaíocht a bheadh riachtanach ní hamháin chun togra píolótach pobalstiúrtha a chur ar bun ach chun fáil ar thithíocht inacmhainne a chinntiú do phobal na Gaeilge chomh maith. Le hais an chéad dhá chonair, is éard a mholtar sa tríú conair ná líonra tithíochta a bhunú don Ghaeltacht a stiúrann an pobal, atá in acmhainn mhaith agus a dhíríonn ar forás comhchothrom na tithíochta. B'ionann an líonra céanna agus ardán don chomhghníomh leanúnach, spreagadh sé rannpháirtíocht sa phobal agus chothódh sé caidrimh le ceantair Ghaeltachta eile a d'oibreodh i gcomhar le chéile ar son polasaithe tacúla don tithíocht.

Cé go bhfuil críoch curtha leis na trí chéim de People's Transition, níl deireadh leis an gceangal idir TASC agus Gaeltacht Uíbh Ráthaigh. Leanfaidh taighdeoirí TASC orthu ag dul i dteagmháil leis an bpobal, le Cumas Ceantar Uíbh Ráthaigh, le Tascfhórsa Uíbh Ráthaigh, agus le heagraíochtaí áitiúla chothú phobal na Gaeltachta le dul chun cinn ar na beartais a luaitear sa tuairisc seo.

Táimid ag súil gur bhain na rannpháirtithe tairbhe as a dtaithí leis an tionscadal. D'fhéadfadh próiseas rannpháirteach a bheith deacair le cur ar bun le pobal ina raibh neart tograí rannpháirteacha ar siúl le tamall anuas, agus bheadh an baol ann go mbeifí bréan de na tionscadail. Cuireadh fáilte fial roimh TASC mar sin féin, agus cur chuige maith faoi gach aon duine a ghlac páirt. Tá súil againn go mbeidh na torthaí agus na moltaí a d'eascair ón bpróiseas mar áis don ghníomhaíocht aeráide in Uíbh Ráthach amach anseo, ag tabhairt buntáistí sóisialta, cultúrtha agus eacnamaíocha.

# 7. Ábhar Tagartha

An Phríomh-Oifig Staidrimh (2025) Arrivals from Ukraine in Ireland Series 15. Ar fáil: https://www.cso.ie/en/releasesandpublications/fp/p-aui/arrivalsfromukraineinirelandseries15/ (oscailte: 12 Márta 2025)

CLES (gan dáta) What is an anchor institution? Ar fáil: https://cles.org.uk/what-is-community-wealthbuilding/what-is-an-anchor-institution/. (oscailte: 17 Aibreán 2025).

Feirm Chomhphobal Chloch Shiúrdáin (gan dáta) Welcome to Cloughjordan Community Farm. Ar fáil: https://cloughjordancommunityfarm.ie/#about (Oscailte: 22 Aibreán 2025).

Comhchoiste Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh (2023) Five-Year Strategic Plan for the South Kerry Gaeltacht, 2023-2028.

Coimisiún um Chóiríocht Scoile (2001) Amalgamation of First Level Schools: September 2001. Ar fáil: https://assets.gov.ie/24766/c28a87e546c34281adafe8a19c264b6a.pdf (Oscailte: 27 Márta 2025)

Communities Housing Trust (2023a) Achtercairn, Gairloch, Highland. Ar fáil:https://www.chtrust.co.uk/uploads/4/6/8/5/46858349/gairloch_may_2023_draft.pdf (Oscailte: 17 Aibreán 2025)

Communities Housing Trust (2023b) Kincraig, Highland. Ar fáil: https://www.chtrust.co.uk/uploads/4/6/8/5/46858349/ardgeal_may_2023_draft.pdf (Oscailte: 17 Aibreán 2025)

Community Land Trust Network (gan dáta). What is a Community Land Trust (CLT)? Ar fáil: https://www.communitylandtrusts.org.uk/about-clts/what-is-a-community-land-trust-clt/ (Oscailte: 7 Aibreán 2025)

Community Supported Agriculture (2018) What is a CSA? Ar fáil: https://communitysupportedagriculture.org.uk/wp-content/uploads/2018/06/W.pdf (Oscailte: 17 Aibreán 2025)

Conradh na Gaeilge (2020) Polasaí Náisiúnta don Phleanáil Tithíochta sa Ghaeltacht. Ar fáil: https://cnag.ie/images/30DF2020_Polasaí_Náisiúnta_don_Phleanáil_Tithíochta_sa_Ghaeltacht_1.pdf(Oscailte: 22 Aibreán 2025)

Conradh na Gaeilge (2025) Ar fáil: https://cnag.ie/en/news/1966-emergency-intervention-sought-by-raic-and-tinte%C3%A1n-campaigns-from-the-irish-government-to-secure-the-future-of-the-gaeltacht-and-the-development-of-the-irish-language.html (Oscailte: 22 Aibreán 2025)

Cornwall Community Land Trust (2019) Low cost – high quality homes. Ar fáil: https://cornwallclt.org/news/low-cost-high-quality-homes/ (Oscailte: 22 Aibreán 2019)

Crowley, J. agus Sheehan, J. (2009) The Iveragh Peninsula: A Cultural Atlas of the Ring of Kerry. Cork: Cork University Press.

An Roinn Oideachais agus Scileanna (2016) Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017–2022 Ar fáil: https://assets.gov.ie/24606/a526faa89eb64675ab685c074f93b0af.pdf (Oscailte: 27 Márta 2025)

DFHERIS (2023) Careers in Construction: Action Plan. Ar fáil: https://www.gov.ie/en/publication/2733a-careers-in-construction-action-plan/. (Oscailte 15 Aibreán 2025)

Flynn, P. agus O'Donnell, T. (2021) Roadmapping A Viable Community-led Housing Sector for Ireland: Policy. SOA Research CLG. Gilchrist, A. (2019) The Well-Connected Community: A Networking Approach to Community Development. 3rd edn. Bristol: Policy Press.

Rialtas na hÉireann (2025) Clár an Rialtais 2025 - Todhchaí na hÉireann a Dhaingniú. Ar fáil: https://assets.gov.ie/static/documents/programme-for-government-securing-irelands-future.pdf (Oscailte: 22 Aibreán 2025)

Hammond, R.F. (1979) Ireland Peatland Map. Ordnance Survey Office. Ar fáil: https://www.teagasc.ie/media/website/environment/soil/Peatlands-of-Ireland-Map.pdf (Oscailte: 12 Márta 2025)

Hearne, R. (2017) A home or a wealth generator? Inequality, financialisation and the Irish housing crisis. TASC-FEPS. Ar fáil: https://www.tasc.ie/assets/files/pdf/a_home_or_a_wealth_generator_inequality_financialisation_and_the_irish_housing_crisis.pdf(Oscailte: 19 Bealtaine 2025)

Tithe an Oireachtais (2024) Gaeltacht Policy: Dáil Éireann Debate, Thursday - 11 Aibreán 2024. Dáil Éireann. Ar fáil: https://www.oireachtas.ie/en/debates/question/2024-04-11/44/ (Oscailte: 22 Aibreán 2025)

Tithe an Oireachtais (2025) An Bille um Údarás na Gaeltachta (Leasú) 2024 – Bille 56 de 2024. Ar fáil: https://www.oireachtas.ie/en/bills/bill/2024/56/ (Oscailte: 22 Aibreán 2024)

International Labour Organization (2015) Guidelines for a just transition towards environmentally sustainable economies and societies for all. Geneva. Ar fáil:https://www.ilo.org/sites/default/files/wcmsp5/groups/public/%40ed_emp/%40emp_ent/documents/publication/wcms_432859.pdf(Oscailte: 22 Aibreán 2025)

Irish Green Building Council (2022) Building a Zero Carbon Ireland – A roadmap to decarbonise Ireland's Built Environment across its Whole Life Cycle. Ar fáil: https://www.igbc.ie/wp-content/uploads/2022/10/Building-Zero-Carbon-Ireland.pdf (Oscailte: 7 Aibreán 2025)

Hossain, M., Leminen, A. agus Westerlund, M. (2019) 'A systematic review of living lab literature', Journal of Cleaner Production, 213, pp. 976-988.
An Coimisiún Tithíochta (2024) Tuarascáil an Choimisiúin Tithíochta. Rialtas na hÉireann. Ar fáil: https://assets.gov.ie/294018/e1aae1ed-07c4-473d-811e-3426756321ee.pdf (Oscailte: 22 Aibreán 2025)

Kassam, A. (2025) 'Spain proposes 100% tax on homes bought by non-EU residents.' The Irish Times. Ar fáil: https://www.irishtimes.com/world/europe/2025/01/14/spain-proposes-100-tax-on-homes-bought-by-non-eu-residents/ (Oscailte: 22 Aibreán 2025)

Kirby, P. (2020) 'Cloughjordan Ecovillage: Community-Led Transitioning to a Low-Carbon Future' in Robbins, D., Torney, D. agus Brereton, P. (eds.) Ireland and the Climate Crisis. Springer Nature, pp.287-303.

McCabe, S. (2020) The People's Transition: Community-led Development for Climate Justice. TASC-FEPS. Ar fáil: https://www.tasc.ie/publications/the-peoples-transition-communityled-development-fo/ (Oscailte: 21 Feabhra 2025).

McCabe, C. (2023) Towards an Anti-Poverty Strategy for Clare. Clare Public Participation Network.

Moore-Cherry, N., Clavin, A., Krawchecnko, T. agus Tomaney, J. (2022) Exploring Place-based Opportunities for Policy and Practice in Transition. NESC. Ar fáil: http://files.nesc.ie/nesc_research_series/research_24_place_based.pdf (Oscailte: 21 Feabhra 2025).

Overgaard, C. (2019) 'Rethinking volunteering as a form of unpaid work', Nonprofit and Voluntary Sector Quarterly, 48(1), pp. 128–145. doi: https://doi.org/10.1177/0899764018809419

Ó Caoimh, B. (2024) Promoting community-led housing: Experiences and expectations in Gaeltacht Uíbh Ráthaigh (South Kerry Gaeltacht). Local Government Information Unit. Ar fáil: https://lgiu.org/briefing/promoting-community-led-housing-experiences-and-expectations-in-gaeltacht-uibh-rathaigh-south-kerry-gaeltacht/ (Oscailte: 21 Feabhra 2025).

O'Donnell, T. agus McDonnell, C. (2024) Togra Tithíochta Uíbh Ráthaigh - Community-Led Housing Pilot. Self Organised Architecture. Ar fáil: https://www.liveworkiveragh.ie/news-events/plean-tithochta-ubh-rthaigh (Oscailte: 21 Feabhra 2025).

O'Keeffe, B. agus O'Sullivan, S. (2017) Gaeltacht Úíbh Ráthaigh: Próífíl Dhéimeagrafach agus Socheacnamaíochta. Coláiste Mhuire gan Smál. Ar fáil: https://dspace.mic.ul.ie/handle/10395/2115(Oscailte: 21 Feabhra 2025).

Parker-Tong, L. agus Bergouhnioux, L. (2024) 'Community Land Trusts – a Land Governance and Ownership Model to Drive a Just Transition', in Maudsley, A. and Wallsten, B. (eds) Towards Regenerative Neighbourhoods: European Cases, Insights, and Initiatives. Ar fáil: https://static1.squarespace.com/static/62a1f10a62a5e9291081c078/t/67ab3b8b3f4d5f4cd2a95fe9/1739275153200/DUTPositionPaper_TowardsRegenerativeNeighbourhoods_v2.pdf(Oscailte: 7 Aibreán 2025).

Reddan, F. (2023) 'Property tax costs likely to rise sharply for Irish with second homes in France.' The Irish Times. Ar fáil: https://www.irishtimes.com/property/interiors/2023/09/09/property-tax-costs-likely-to-rise-sharply-for-irish-with-second-homes-in-france/ (Oscailte: 22 Aibreán 2025)

Soilcrates Ireland (2025) SOILCRATES Ireland Living Lab. Ar fáil: https://soilcratesireland.ie/ (Oscailte: 22 Aibreán 2025)

Staples, M., agus MacRae, R. (2022) Building new skills and homes: A community-led approach to boosting rural trades. Communities Housing Trust. Ar fáil: https://www.chtrust.co.uk/blog/building-new-skills-and-homes-a-community-led-approach-to-boosting-rural-trades (Oscailte: 22 Aibreán 2025)

Tascfhórsa Uíbh Ráthaigh (2019) Tuairisc agus Plean Gníomhaíochta 2019-2022. Ar fáil:https://udaras.ie/assets/uploads/2019/10/Tuairisc-agus-PGniomh-Tascfhorsa-Cuid-1.pdf (Oscailte: 21 Feabhra 2025).

Tascfhórsa Uíbh Ráthaigh (2023) Review and High-level Evaluation of Gníomhphlean Tascfhórsa Uíbh Ráthaigh 2019-2022 and Action Plan for Tascfhórsa Uíbh Ráthaigh for period 2023-2026. Ar fáil: https://drive.google.com/file/d/1lgYXQxhx80gMUAA3LX3plrRssGM--3hU/view (Oscailte: 21 Feabhra 2025).

An Coimisiún Tithíochta (2024) Tuarascáil an Choimisiúin Tithíochta. Ar fáil: https://assets.gov.ie/294018/e1aae1ed-07c4-473d-811e-3426756321ee.pdf (Oscailte: 17 Aibreán 2025).

Údarás na Gaeltachta (2025). Glasoiliúint – deontas suas le €2,000 ar fáil d'uasoiliúint ar scileanna fuinneamh in-athnuaite. Ar fáil: https://udaras.ie/en/training-employment/glasoiliuint/:contentReference[oaicite:0]{index=0} (Oscailte 22 Aibreán 2025).

Uisce Éireann (2023) Lixnaw Integrated Constructed Wetlands. Ar fáil: https://www.water.ie/projects/local-projects/lixnaw-integrated-constru#:~:text=An%20integrated%20construction%20wetland%20(ICW,function%20as%20a%20natural%20wetland(Oscailte: 21 Feabhra 2025).

Welsh Government (2022) New tax rules for second homes. Ar fáil: https://www.gov.wales/new-tax-rules-second-homes (Oscailte: 22 Aibreán 2025)

Young, S. (2022) Second homes: what's happening in Wales? Senedd Cymru/Welsh Parliament. Ar fáil: https://research.senedd.wales/research-articles/second-homes-what-s-happening-in-wales/ (Oscailte: 29 Aibreán 2025)

# The People's Transition

tasc

Supported by AIB

Faigheann TASC tacaíocht faoin Scéim chun Tacú le hEagraíochtaí Náisiúnta (SSNO) atá maoinithe ag Rialtas na hÉireann tríd an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail.